COMHAIRLE CHONTAE LAOISE
LAOIS COUNTY COUNCIL

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

CLÁR ÁBHAR

Comhaitheasc ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach 2

Ráiteas Misin 3

Comhaltaí den Chomhairle 4

Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide 5

An Pobal, Cur Chun Cinn an Chontae, na hEalaíona, Spórt agus Leabharlanna 14

An Comhshaol, Pleanáil, Oidhreacht, Forbairt Gheilleagrach agus Seirbhísí Éigeandála 29

Iompar agus Seirbhísí Uisce 40

Bainistíocht Airgeadais 45

Comhairle Baile Phort Laoise 48

Comhairle Baile Mhóinteach Mílic 48

Gníomhaíochtaí Eile 48

Aguisíní 49

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn 57

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae Laoise do 2014 a chur i láthair. Leagtar amach inti na seirbhísí éagsúla a chuir an Chomhairle ar fáil agus na tionscnaimh ar tugadh fúthu le linn na bliana.

Bliain dhúshlánach eile a bhí ann do Chomhairle Chontae Laoise. Leanadh de bhéim a leagan ar thuilleadh éifeachtúlachta agus luach ar airgead a bhaint amach. Choinnigh na Comhaltaí Tofa, an lucht bainistíochta agus an fhoireann cur chuige cuiditheach dearfach solúbtha um oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh ach seirbhísí a bhunathrú chun feabhais, tabhairt faoi luach ar airgead a bhaint amach agus leanúint de chaighdeáin a fheabhsú agus príomhsheirbhísí á gcoimeád ag an am céanna.

Imríonn Comhairle Chontae Laoise ról tábhachtach i bhforbairt agus i bhfás geilleagrach na bpobal a bhfreastalaímid orthu. Tá rátaí tráchtála sa Chontae gan athrú fós, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle do thacú leis na gnóthais atá ann cheana agus d'infheistíocht nua a mhealladh.

An tIonad "Mo Thuarastal", a bheidh freagrach as párolla agus aoisliúntas don earnáil rialtais áitiúil ar fad, tá sé curtha chun feidhme go pointe suntasach anois agus cuirfear i bhfeidhm é maidir le deich n-údarás áitiúla ag deireadh na bliana 2014. Tá Seirbhísí Comhroinnte ina ngné thábhachtach de chlár oibre an Rialtais um athchóiriú na seirbhíse poiblí agus is féidir leo na coigiltis chostais agus na héifeachtúlachtaí a theastaíonn go géar a sholáthar, agus seirbhísí á gcaighdeánú agus á bhfeabhsú ag an am céanna freisin.

Cuireadh athchóirithe i rialtas áitiúil chun feidhme in 2014 freisin, amhail an t-aistriú chuig Uisce Éireann agus bunú na hOifige Fiontar Áitiúil. Is éard atá san oifig seo ná an "siopa ilfhreastail" do gach taca rialtais d'fhiontraithe ar mian leo a gcuid gnóthas a thosú nó a mhéadú, rud a chruthaíonn poist laistigh den Chontae.

Cuireadh forálacha Thuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2013 chun feidhme nuair a cealaíodh Comhairle Baile Phort Laoise agus Comhairle Baile Mhóinteach Mílic agus nuair a bunaíodh 3 Cheantar Bhardasacha: Ceantar Bardasach Phort Laoise, Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí – Mhóinteach Mílic agus Ceantar Bardasach na Gráige – Chúil an tSúdaire. Laghdaigh líon na gcomhaltaí den Chomhairle ó 25 comhalta go 19 comhalta.

Leagann an méid seo a leanas béim ar éachtaí agus imeachtaí eile le linn na bliana:

- Oscailt na gclós súgartha nua i dTeach na Bearú agus i gCúil Ruáin,
- Ár rannpháirtíocht i bhforbairt an fhoirgnimh phobail nua in Ascaill Mhuire, Port Laoise,
- Seoladh an Chláir Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta,
- Glacadh an Phlean Oidhreachta 2014 – 2019
- Bunú an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil,
- Gnóthú fhoirgneamh Shaw's sa tSráid Mhór, Port Laoise, le haghaidh Leabharlann nua a fhorbairt,
- Athnuachan a dhéanamh ar cheantar i gCnoc Maí, Port Laoise, chun rian siúil agus limistéar áise a chur ar fáil.

Le linn 2014, lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag oibriú sa réimse um fheasacht chomhshaoil trí na nithe seo: comórtais na mBailte Slachtmhara, Seachtain an Ghlantacháin Náisiúnta, tionscadail na Scoileanna Glasa agus an tionscnamh náisiúnta chun Stad den Diomailt Bhia.

Níorbh fhéidir gach ceann de na héachtaí atá leagtha amach sa Tuarascáil seo a bhaint amach gan ionchur comhchoiteann na gComhaltaí Tofa, an lucht bainistíochta, na foirne agus gan an tacaíocht a thug an iomad eagraíocht dheonach agus phobail sa Chontae. Tapaímid an deis seo le buíochas a ghabháil le gach duine lena mbaineann agus táimid ag súil le bheith ag oibriú le chéile chun feabhas leantach ár gContae a chinntiú.

"Treoróidh an Chomhairle forbairt inbhuanaithe an Chontae ó thaobh cúrsaí geilleagracha, cultúrtha agus pobail de agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Is é Comhairle Chontae Laoise an Príomh-Údarás atá Tofa go Daonlathach i gContae Laoise. Cuireann Comhairle Chontae Laoise raon éagsúil fairsing seirbhísí ar fáil, nithe a théann i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionsclaíocha, turasóireachta agus cultúrtha sa chontae. Áirítear leis na seirbhísí sin cur ar fáil agus cothabháil a dhéanamh ar na nithe seo: tithe, bóithre, soláthairtí uisce agus scéimeanna séarachais (laistigh den Chomhaontú Seirbhíse faoi Uisce Éireann), seirbhísí pleanála agus forbartha geilleagraí, bainistíocht dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúir agus pobail, caitheamh aimsire agus spórt san áireamh.

Freastalaíonn fórsa saothair mór ar an gComhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlí, riaracháin, airgeadais agus amuigh.

Comhaltaí den Chomhairle

Cuimsíonn Comhairle Chontae Laoise 19 gComhalta Thofa - seisear comhaltaí as Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílic, seisear comhaltaí as Ceantar Bardasach na Gráige-Chúil an tSúdaire agus seachtar comhaltaí as Ceantar Bardasach Phort Laoise.

Comhaltaí Tofa leis an mBainisteoir Contae ag cruinniú ceann bliana Chomhairle Chontae Laoise i mí an Mheithimh 2014

Cruinnithe na Comhairle

De ghnáth, cuireadh Cruinnithe na Comhairle in 2014 ar siúl ar an Luan deireanach de gach mí i Seomra na Comhairle in Áras an Chontae. Níor cuireadh aon chruinniú ar siúl i mí Lúnasa.

An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Is é aidhm an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh sainordú daonlathach agus ról ceapadh beartais na gcomhaltaí tofa a bhreisiú. Faigheann an Coiste Beartais Chorparáidigh tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle agus den cheathrar Cathaoirleach ar na Coistí Beartais Straitéisigh. Is é phríomhfheidhm an Choiste Beartais Chorparáidigh obair na gCoistí Beartais Straitéisigh éagsúla a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina gcomhaontaítear cinntí beartais a théann i bhfeidhm ar an gComhairle iomlán lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomláine lena cinneadh. Tháinig an Coiste Beartais Chorparáidigh le chéile 12 uair in 2014.

Ceantair Bhardasacha

Cuireadh na chéad chruinnithe de chuid na gCeantar Bardasach ar siúl an 16 Meitheamh 2014. Thogh gach Ceantar Cathaoirleach agus lean siad ar aghaidh ag teacht le chéile ar bhonn míosúil le linn 2014.

Toghadh na daoine seo a leanas mar Chomhaltaí de Chomhairle Chontae Laoise sna Toghcháin Áitiúla a tionóladh an 23 Bealtaine 2014.

COMHALTAÍ DE CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC

Patrick Bracken (Fianna Fáil)

John King (Fine Gael)

Brendan Phelan (Neamhspleách)

David Goodwin (Fine Gael)

Séamus McDonald (Fianna Fáil)

James Kelly (Neamhspleách)

COMHALTAÍ DE CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE

Mary Sweeney (Fine Gael)

John Joe Fennelly (Fianna Fáil)

William Aird (Fine Gael)

Jeremiah Lodge (Fianna Fáil)

Catherine Fitzgerald (Fianna Fáil)

Caroline Dwane-Stanley (Sinn Féin)

Noel Tuohy (Páirtí an Lucht Oibre)

COMHALTAÍ DE CHEANTAR BARDASACH NA GRÁIGE-CHÚIL AN tSÚDAIRE

Tom Mulhall (Fine Gael)

John Robert Moran (Fine Gael)

Pádraig Fleming (Fianna Fáil)

Ben Brennan (Neamhspleách)

Aidan Mullins (Sinn Féin)

Paschal McEvoy (Fianna Fáil)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach Acmhainní Daonna: Evelyn Brownrigg

Oifigeach Riaracháin Gnóthaí Corparáideacha: Irene Delaney

Ceann Córas Faisnéise Gníomhach: John Smith

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí den Chomhairle Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Laoise 2009 – 2014 i mí na Nollag 2009.

Cuireadh ar fáil sa Phlean Corparáideach an creat maidir le straitéis chomhtháiteach a chur chun feidhme le haghaidh fhorbairt an chontae don tréimhse ó 2009 go 2014 agus ullmhaíodh é tar éis dul i gcomhairle le fostaithe, le hionadaithe tofa, leis an bpobal, le páirtithe leasmhara deonacha agus comhshaoil, le geallsealbhóirí seachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile atá ag oibriú ag leibhéal áitiúil. Tar éis na dtoghchán áitiúil i mí na Bealtaine 2014, cuireadh tús le hobair ar Phlean Corparáideach nua don tréimhse 2014-2019 a ullmhú. Tar éis comhairliúchán fairsing, ghlac na Comhaltaí an Dréacht-Phlean ag cruinniú Chomhairle Chontae Laoise do mhí na Nollag.

Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí Chomhairle Chontae Laoise an dóigh a ndéanann an Chomhairle dianiarracht déileáil lena custaiméirí. Tá an cháipéis ar taispeáint i ngach Oifig Comhairle phoiblí agus ar ár suíomh Gréasáin ag www.laois.ie. Áirítear leis an gCairt seo tiomantas do chomhionannas sa soláthar seirbhíse agus aitheantas do chineál éagsúil an phobail a bhfreastalaímid air. Áirítear leis an gCairt freisin Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí ar féidir le duine ar bith nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuair sé/sí leas a bhaint as.

Buaicphointí

- An 6 Márta 2014 - Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir an Chumainn Náisiúnta Treabhdóireachta
- An 5 Samhain 2014 - Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Bhanna Píob Chill Uisean mar aitheantas dá Chomóradh 50 Bliain
- An 4 Nollaig 2014 - Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Paul Cleary, Ard-Mhéara Chúil an tSúdaire Chúil an tSúdaire

Scéim na Gaeilge 2009 - 2012

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Laoise agus tháinig sí in éifeacht an 1 Nollaig 2009 ar feadh tréimhse 3 bliana. Chuaigh an scéim, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.laois.ie, as feidhm an 1 Nollaig 2012. Tá scéim nua á hullmhú.
Aithníonn Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí a roghnú go ndéanfaidh siad gnó linn sa teanga a roghnaíonn siad agus éascaítear iad ina ndéileálacha linn a mhéid is féidir, beag beann ar cé acu a roghnaíonn siad Gaeilge nó a roghnaíonn siad Béarla.

Ceann amháin de phríomhchuspóirí na Scéime Teanga sin ba ea a chinntiú go bhfuil caighdeáin níos airde seirbhísí poiblí ar fáil tríd an nGaeilge ós rud é gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil sa tír.

Más mian leat dul i dteagmháil leis an gComhairle i nGaeilge, seol ríomhphost chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ardoideachais

In 2014, formheasadh 274 iarratas athnuachana san iomlán le haghaidh cúnamh deontais.

Ba é €1,165,690.00 an méid iomlán a íocadh in 2014 i leith Deontais Ardoideachais.

Coistí Beartais Straitéisigh

Ghlac Comhairle Chontae Laoise Scéim Coistí Beartais Straitéisigh athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2014 tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí. Bhí ainmniú na n-ionadaithe earnála chuig na Coistí ag druidim lena chur i gcrích ag deireadh na bliana 2014 agus tá na chéad chruinnithe de chuid na gCoistí le bheith ar siúl go luath sa bhliain 2015.

Sláinte agus Sábháilteacht

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta: Jim Bolger

Cuireadh feabhas breise ar ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta ach 'bonn fianaise' a chur ar bun i riocht taifid chigireachta sábháilteachta a d'eascair as cláir chigireachta sábháilteachta tras-stiúrthóireachta. Anuas air sin, cuireadh ár Seirbhísí Uisce faoi chóras iniúchóireachta Uisce Éireann um Shláinte, Sábháilteacht, Cáilíocht agus Comhshaol. Scaipeadh tuarascálacha míosúla i dteannta feasacháin sábháilteachta. Scaipeadh foláirimh shábháilteachta de réir mar ba chuí.

Arís, léirigh ár gclár cuimsitheach um oiliúint sábháilteachta go bhfuil béim ar ár gceanglais reachtúla oiliúna. Cuireadh oiliúint inmheánach ar láimhsiú sábháilte ar fáil dár bhfostaithe oibriúcháin agus riaracháin. Bhí méadú ar oiliúint ionduchtúcháin, rud a léirigh bronnadh na seirbhíse náisiúnta "Mo Thuarastal" ar Chomhairle Chontae Laoise. Cuireadh beartais agus nósanna imeachta náisiúnta san áireamh inár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta de réir mar ba chuí agus rinneadh faireachán ar fhorbairtí reachtaíochta trínár mbunachar sonraí dlíthiúil atá ar fáil do gach fostaí ag a bhfuil rochtain ar ár gcóras inlín.

Comhpháirtíocht

Is iad seo a leanas na baill den Choiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre amhail an 31 Nollaig 2014.

Ainmnithe an Lucht Bainistíochta	Ainmnithe Ceardchumainn
Kieran Kehoe	Tom Saunders
Comhchathaoirleach	Comhchathaoirleach
Michael Rainey	Anne Marie Maher
Bernie Foran	Bernie Kilbride
Michael O'Hora	Tom O'Carroll
Geraldine Dunne	Finbarr Dunphy

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta 6 chruinniú le linn 2014.

Saoráil Faisnéise

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Deireadh Fómhair 2014. Tugadh isteach leis athruithe suntasacha ar an gcóras Saoráil Faisnéise. Leis an Acht, aisghaireadh agus ionadaíodh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus méadaíodh raon na Saorála Faisnéise chuig roinnt comhlachtaí breise. Chomh maith leis sin, rinneadh comhdhlúthú, nua-aoisú agus nuashonrú ar an reachtaíocht i gcoitinne leis.

Iarratais a fuarthas/a próiseáladh in 2014

Iarratais ar láimh amhail an 31/12/2013	1
Iarratais a fuarthas le linn 2014	28
Breitheanna a tugadh le linn 2014	28
Iarratais a tarraingíodh siar	0
Iarratais a tarraingíodh siar agus ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	0
Iarratais ar láimh amhail an 31/12/2014	1

Cineál na Faisnéise a Iarradh

Pearsanta (don iarratasóir)	12
Neamhphearsanta	16

Achomhairc

Ní dhearnadh aon achomhairc in 2014.

Foinse Iarrataí

An Pobal i gCoitinne	19
Iriseoirí	4
Aturnaetha	3
Daoine Eile	2

Tús Áite do na Daoine – An Plean Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta "Tús Áite do na Daoine" beartas an rialtais le haghaidh athchóirithe agus forbartha ar fud an chórais rialtais áitiúil. Áirítear leis struchtúir athbhreithnithe agus tabhairt isteach socruithe daonlathacha níos éifeachtúla. Cuirfidh na struchtúir agus na socruithe sin le héifeachtúlacht agus soláthróidh siad luach níos fearr ar airgead. Tá rún daingean ag Comhairle Chontae Laoise forfheidhmiú éifeachtach an phlean a chinntiú.

Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2013

Leagadh amach i dTuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil 2013, a foilsíodh Déardaoin an 30 Bealtaine 2013, athruithe a bhí beartaithe ar na Toghlimistéir Áitiúil, le héifeacht ó na Toghcháin Áitiúla in 2014 ar aghaidh. Cuireadh ar siúl iad an 23 Bealtaine 2014 bunaithe ar na teorainneacha leasaithe.

Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí le haghaidh Chontae Laoise a chur le chéile. Tagann an clár in éifeacht an 15 Feabhra gach bliain. Le bheith incháilithe le haghaidh do chuir san áireamh i gClár na dToghthóirí, ní mór duit bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad ar an lá ar a dtagann an Clár in éifeacht agus ní mór gnáthchónaí a bheith ort i dToghcheantar an 1 Meán Fómhair roimh theacht in éifeacht an Chláir.

Clár na dToghthóirí 2015/2016

Dáilcheantar	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí Dála
Laois/Uíbh Fhailí	56,433	57,217

Toghcheantar Pharlaimint na hEorpa	Toghthóirí Eorpacha Eorpacha	Toghthóirí Féideartha
An Lár Tíre-an tIarthuaisceart	57,912	602

Toghlimistéir Áitiúla	Líon Toghthóirí
Buiríos Mór Osraí – Móinteach Mílic	19,802
An Ghráig - Cúil an tSúdaire	19,384
Port Laoise	20,578
Iomlán:	59,764

Vótálaithe Poist agus Speisialta	
Gardaí	4
Óglaigh na hÉireann	242
Taidhleoirí	3
Daoine faoi Mhíchumas Coirp	27
Áitíocht	5
Vótálaithe Speisialta	33

COMHDHÁLACHA AR FREASTALAÍODH ORTHU IN 2014

Comhdháil	Ionad	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Cosc ar an gCoireacht trí Chomhpháirtíocht	Cionn tSáile	3-5 Eanáir	3	€1,736.85
Maoiniú Rialtais Áitiúil	Leitir Ceanainn	10-12 Eanáir	5	€3,576.45
Oibriú go Deonach sa Phobal	Cill Airne	17-19 Eanáir	7	€4,253.46
Brandáil i dToghcháin Pholaitíochta	Ros Ó gCairbre	17-19 Eanáir	1	€594.89
An Bille Rialtais Áitiúil 2013	Trá Lí	17-18 Eanáir	1	€486.00
Uisce Bardais	Leitir Ceanainn	24-26 Eanáir	6	€4,346.57
Údaráis Áitiúla agus Bainistíocht Dramhaíola	Cathair na Mart	24-25 Eanáir	1	€496.04
Táillí Uisce Teaghlaigh – Ullmhúchán agus Praiticiúlachtaí	Cairlinn	24-26 Eanáir	3	€1,684.52
Seimineár Earraigh an LAMA 2014	Muineachán	31 Eanáir go 1 Feabhra	7	€3,627.99
Hidreachumhacht	Neidín	31 Eanáir go 2 Feabhra	4	€2,488.11
Feasacht ar Mheabhairshláinte agus Fhéinmharú	Dún Garbháin	31 Eanáir go 1 Feabhra	1	€370.58
Clár Náisiúnta um Athluacháil Réadmhaoine Tráchtála agus Tionscail	Gaillimh	31 Eanáir go 1 Feabhra	1	€410.18
Athruithe ar Thairiscintí Tógála	Ros Ó gCairbre	31 Eanáir go 2 Feabhra	1	€521.29
An faitíos roimh an gcoireacht a chomhrac	Leitir Ceanainn	7-9 Feabhra	3	€2,183.96
Deiseanna Fostaíochta i mBianna Ceardaí	Ros Ó gCairbre	7-9 Feabhra	1	€612.63
Dlí Fostaíochta Údaráis Áitiúil	Ros Ó gCairbre	14-16 Feabhra	1	€612.63
Seimineár Earraigh an AMAI	Bun Dobhráin	14-15 Feabhra	2	€1,226.98
An Chumhacht atá ag Údaráis Áitiúla chun Iompar	Frithshóisialta a laghdú			
Cead Pleanála – An Próiseas	Trá Lí	14-15 Feabhra	3	€1,552.25
Turasóireacht an Chláir – an 25ú	Port Laoise	14-16 Feabhra	1	€268.40
Comhdháil Bhliantúil	Inis Díomáin	21-22 Feabhra	2	€996.78
Tuirbíní Gaoithe – Na Buntáistí agus na Míbhuntáistí	Ros Comáin	21-23 Feabhra	1	€526.38
Táillí Uisce Teaghlaigh	Ros Ó gCairbre	21-23 Feabhra	2	€1,044.54
Ginealas – Do shinsir a rianú	Luimneach	21-23 Feabhra	1	€337.25
Toghcháin Áitiúla – An Próiseas	Cill Airne	28 Feabhra go 2 Márta	2	€611.95
Oideachas a Chur ar Fáil chun an Geilleagar a Bhrú Chun Cinn	Gaillimh	28 Feabhra go 1 Márta	2	€812.99

Buiséid agus Maoiniú Údarás Áitiúil	Loch Garman	28 Feabhra go 1 Márta	1	€332.36
Comhdháil Bhliantúil an ACCC	an Cabhán	6-7 Márta	2	€836.05
Piolóin agus Feirmeacha Gaoithe	Leitir Ceanainn	7-9 Márta	2	€783.65
Carthanais – Rialacháin & Reachtaíocht	Ros Ó gCairbre	7-9 Márta	2	€887.17
Forbairt Inbhuanaithe agus Dearadh	Ros Ó gCairbre	14-16 Márta	1	€235.90
Luach ar Airgead i Rialtas Áitiúil	Leitir Ceanainn	14-16 Márta	1	€653.65
Ról an Ombudsman	Luimneach	21-23 Márta	1	€337.25
Athbhreithniú Breithiúnach ar Chinnteoireacht	Trá Lí	28-29 Márta	2	€1,036.03
Prionsabail Bhainistíochta a Chomhlíonadh	Ros Ó gCairbre	21-23 Márta	2	€1,227.42
Sábháilteacht Chroí a Thabhairt chuig Pobail	Ros Comáin	21-23 Márta	1	€546.27
Teidlíochtaí Scoir agus Cánachas	Ros Ó gCairbre	28-30 Márta	2	€1,051.82
Réitigh ar fhuíolluisce atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus cost-éifeachtúil	Port Láirge	11-13 Aibreán	4	€1,462.12
SBCA agus an tSeirbhís Dócmhainneachta	Ros Ó gCairbre	11-13 Aibreán	2	€1,082.51
An choireacht agus an tionchar ar cháilíocht beatha	Cill Airne	18-19 Aibreán	3	€1,381.76
Clásail Shóisialta i Soláthar Poiblí	Cathair na Mart	25-26 Aibreán	2	€1,063.37
Athbhreithniú ar Bhuiséad 2015	Cloich na Coillte	7-8 Samhain	7	€2,450.00
Prionsabail Bhainistíochta a Chomhlíonadh agus an Dea-Chleachtas	Cloich na Coillte	21-22 Samhain	2	€700.00
Geilleagar na hÉireann atá ag Téarnamh	Corcaigh	28 Samhain	1	€309.83
An tActh um Nochtadh Cosanta 2014	Gaillimh	12-13 Nollaig	1	€335.12
Iomlán:				€52,091.95

OILIÚINT AR FHREASTAIL COMHALTAÍ DE CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE UIRTHI IN 2014

Oiliúint	Ionad	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Oiliúint Ionduchtúcháin an AILG	Tulach Mhór	25 Meitheamh	10	€646.89
Oiliúint Ionduchtúcháin	Baile Átha Cliath	19 Meitheamh	1	€58.89
Oiliúint Airgeadais	Dún Dealgan	11 Meán Fómhair	7	€1,438.75
Oiliúint Airgeadais	Ceatharlach	16 Meán Fómhair	4	€266.13
Oiliúint Airgeadais	Mullach Íde	18 Meán Fómhair	1	€146.31
An Chéad Chomhdháil Bhliantúil de chuid an AILG 2014	an Cabhán	29-30 Deireadh Fómhair	12	€4,452.45
Oiliúint Inmheánach	Baile Átha Luain 2	3 Deireadh Fómhair	9	€1,009.38
Oiliúint i bPleanáil	Baile Átha Troim	18 Samhain	9	€1,441.60
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)				
Oiliúint Fómhair an LAMA	Bun Crannchа	17-18 Deireadh Fómhair	5	€3,690.32
Uisce Éireann				
Cruinniú Faisnéise Réigiúnach Uisce Éireann	Tulach Mhór	13 Deireadh Fómhair	5	€321.96
Iomlán Foriomlán:				€13,472.68

An Choiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht agus Cúrsaí Sóisialta

Cathaoirleach: Tom Mulhall, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Willie Aird, M.C.C.	Pat Flanagan
Caroline Dwane	
Stanley, M.C.C.	Mick Dowling
James Daly, M.C.C.	Brendan O'Brien
Mary Sweeney, M.C.C.	Michael Kelly
Catherine Fitzgerald, M.C.C.	
Bobby Delaney,	
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	

Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach: Julie Bergin

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach: Michael Rainey

Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach: P J Dempsey

Oibrí Sóisialta Sinsearach: Fionnuala Daly

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Is é príomhchuspóir na Comhairle an leas is mó a bhaint as an bhfáil ar chóiríocht chun freastal ar chatagóirí éagsúla riachtanais agus an raon iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaicphointí le linn 2014

- Cuireadh bungaló sainoiriúnaithe i mBaile an Chaisleáin i gcrích.
- Cuireadh tús le 6 aonad 3 leaba a thógáil i mBealach na Clóidí, Cluain na Slí.
- Fuarthas 17 n-aonad shóisialta mar éadáil i láithreacha éagsúla ar fud an Chontae.
- Soláthraíodh 200 deontas do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu sa Chontae.
- Cuireadh Páirc Chnoc Maí i gcrích.

Tuarascáil ar an gCoiste Beartais Straitéisigh

Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht agus Cúrsaí Sóisialta le chéile i mí Feabhra 2014. Comhaontaíodh an beartas seo a leanas:

- An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014 – 2018

An Clár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta

Sa bhliain 2014, b'ionann leithdháileadh tosaigh an Chláir Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta agus €250,185. Áiríodh leis sin soláthar le haghaidh teach sainoiriúnaithe a thógáil i mBaile an Chaisleáin. Chun aitheantas a thabhairt do chlár éifeachtach caiteachas caipitil na Comhairle, méadaíodh an leithdháileadh sin i mí Dheireadh Fómhair 2014 faoi €1,920,000 le haghaidh aonaid shóisialta a fháil mar éadáil, lena n-áirítear trí réadmhaoin do theaghlaigh ina bhfuil daoine faoi mhíchumas.

An Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais agus an Scéim Cúnaimh Caipitil

Amhail an 31/12/14, cuireadh 271 aonad ar fáil faoin Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais agus cuireadh 251 aonad ar fáil faoin Scéim Cúnaimh Caipitil. Faoi "Gairm Tograí na Scéime Cúnaimh Caipitil" i mí Iúil 2014, d'éirigh le Laois cistiú a fháil as trí aonad do dhaoine faoi mhíchumas a fháil mar éadáil do Chumann Tithíochta Tuath agus d'éirigh léi réadmhaoin a fháil mar éadáil sa Sráidbhaile d'Fhondúireacht Muiriosa.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú

Go dtí seo, fuair an Rannóg Tithíochta 249 réadmhaoin san iomlán faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus 85 réadmhaoin faoin Tionscnamh um Thithíocht Shóisialta a Léasú.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Leanann an Rannóg Tithíochta leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018 a chur chun feidhme. Chuir an Coiste Comhairleach nua um Chóiríocht don Lucht Siúil a chéad chruinniú ar siúl an 4 Meán Fómhair 2014.

Cothabháil Tithíochta agus Athléasú

In 2014, lean an Rannóg Tithíochta leis na nósanna imeachta gnó a bhaineann le cothabháil agus athléasú stoc na Comhairle a fheabhsú trí bheartú tosaíochta éifeachtach agus trí na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní daonna ar fáil a úsáid. De bhreis ar chistiú na Comhairle féin, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €251,800 sa bhreis ar fáil in 2014 le haghaidh aonaid fholmha a athchóiriú.

Uasghrádú Creatlaí agus Oibreacha Feabhsúcháin

Mar gheall ar chistiú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh uasghráduithe fuinnimh agus deontais oiriúnaithe aonuaire, bhí an Rannóg Tithíochta in ann mórfheabhsuithe struchtúrtha a dhéanamh ar líon suntasach dá cuid réadmhaoine freisin. Rinneadh oibreacha insliú áiléir agus balla i 512 réadmhaoin. Méadaíodh an leithdháileadh bunaidh €270,279 faoi €476,937 sa bhreis, rud a d'fhág gurbh é €747,146 an leithdháileadh deiridh do 2014.

Bainistíocht Eastáit

Feidhm thábhachtach don Rannóg Tithíochta atá i mBainistíocht Eastáit fós. In 2014, bhí leibhéil mhéadaithe idirghníomhaíochta le tionóntaí agus le grúpaí cónaitheoirí. Chuir an Rannóg Tithíochta raon tacaí, lenar áiríodh deontais nuair ba chuí, ar fáil do ghrúpaí éagsúla cónaitheoirí.

Deontais Phríobháideacha

In 2014, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leithdháileadh €523,320 ar fáil le haghaidh na nithe seo: Deontais Chúnaimh Soghluaisteachta, Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deontais Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. Tar éis iarratas a dhéanamh ar chistiú breise, chuir an Rannóg Tithíochta cistiú breise ab fhiú €302,268 ar fáil, rud a d'fhág gurbh ionann an leithdháileadh iomlán agus €825,588. Tríd an gcistiú a bhí ar fáil a bhainistiú go héifeachtach, bhí an Rannóg Tithíochta in ann an scéim a choinneáil ar oscailt le haghaidh na bliana 2014 ar fad.

Treo Nua: Ionad Acmhainní Phort Laoise

Leanann Treo Nua: Ionad Acmhainní Phort Laoise ar aghaidh ag imirt ról tábhachtach i mbonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus pobail Phort Laoise agus tá sé ag cur seirbhísí riachtanacha oiliúna agus sóisialta ar fáil don phobal. An chreis, na seomraí iarscoile, na seomraí cruinnithe, na seomraí pobail agus na seomraí oiliúna, bíonn siad go léir gnóthach ag cur raon seirbhísí, cúrsaí oideachais, ranganna gníomhaíochta coirp agus seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh ar fáil. In 2014, osclaíodh an tsaoráid siopa agus tá sé léirithe go bhfuil an-chuid curtha aici leis an tsaoráid.

Páirc Chnoc Maí

Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar Threo Nua, athnuadh talamh gan rath i lár Chnoc Maí in 2013. Tírdhreachtaíodh an ceantar sin agus athdhearadh na bealaí reatha isteach sa pháirc chun go gcuimseofaí iontu rian siúil atá 2 m ar leithead agus páirc peile bheag. Suiteáladh soilsiú agus ceamaraí TCI sa pháirc freisin. Tar éis dul i gcomhairle le grúpaí cónaitheoirí áitiúla, rinneadh tuilleadh oibreacha in 2014 chun an pháirc a bhreisiú agus limistéir d'uisce dromchla a bhaint.

Straitéis Tithíochta maidir le Cuid V

In 2014, lean an Rannóg Tithíochta le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus dul i dteagmháil le forbróirí sa Chontae chun teacht ar chomhaontú le haghaidh chomhlíonadh Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Suíomhanna Príobháideacha

Tá roinnt suíomhanna príobháideacha le díol i mBaile an Chaisleáin, i mBaile Átha an Róine agus i gCluain na Slí.

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 442 duine san iomlán fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise amhail an 31 Nollaig 2014.

Le linn 2014, reáchtáil Comhairle Chontae Laoise 13 chomórtas ar baineadh na staitisticí seo a leanas ina leith astu:

Iomlán na nIarratas a fuarthas

	Fir	Mná
Iarratasóirí	114	41
Iarratasóirí Rathúla	47	20

Ceapacháin Bhuana/Arduithe Céime Buana 2014

	Fir	Mná
Ceapacháin	9	2
Arduithe Céime	6	2

Baineann na comórtais sin go príomha le folúntais sa tSeirbhís Dóiteáin. De bharr chineál na hoibre, tá siad díolmhaithe ó théarma an mhoratóra reatha ar earcaíocht atá i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2009.

Mo Thuarastal, an t-ionad nua seirbhísí comhroinnte údaráis áitiúil atá lonnaithe in Áras an Chontae, chuaigh sé i mbun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2013. Le linn 2014, fuarthas cead ón Rannóg um Pearsanra an Rialtais Áitiúil sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun roinnt post a líonadh trí ath-imlonnú.

Tionscnaimh um Chothromaíocht Oibre is Saoil

Lean Comhairle Chontae Laoise le tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil a chur chun feidhme do bhaill foirne le linn 2014. Amhail deireadh na bliana, bhí leas á bhaint ag 4 fostaithe as an Scéim Sos Gairme, bhí leas á bhaint ag 29 fostaí as an scéim comhroinnte poist/oibre, bhain 37 fostaí leas as an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí agus bhain 13 fhostaí leas as an Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra. Bhain 11 fhostaí leas as an Scéim Saoire Neamhíoctha.

An Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta

Sháraigh an Chomhairle an Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta íosta de 3% as caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt mar chéatadán de chostais phárolla iomlána in 2014. Ba é 3.59% an táirgeacht.

Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostais phárolla iomlána:

2013	2014
4.01%	3.59%

I dtaca leis an líon laethanta oibre a cailleadh de bharr tinneas deimhnithe agus tinneas neamhdheimhnithe, baineann na staitisticí seo a leanas le hábhar:

	2013	2014
Deimhnithe	4.07%	4.0%
Neamhdheimhnithe	0.35%	0.34%

Táscaire Seirbhíse Áitiúil

An Líon Laethanta Oiliúna a cuireadh ar fáil don fhoireann (gan Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe a áireamh) – 935

Caidreamh Poiblí

Cé go raibh sí ina bhliain dhoiligh ar fud na tíre, chothaigh Comhairle Chontae Laoise dea-chaidreamh tionsclaíoch le linn 2014. Níor tháinig aon díospóidí móra aníos. Ar aon dul le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 agus le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), agus i gcomhairle leis na Ceardchumainn chuí, lean an Chomhairle le bearta a chur chun feidhme d'fhonn éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus coigiltí costais a bhaint amach.

Oiliúint agus Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta d'oiliúint a chur ar ár bhfostaithe go léir agus iad a fhorbairt maidir le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus ar son fhorbairt scileanna na bhfostaithe. Tá dianiarracht á déanamh ag Comhairle Chontae Laoise feabhas leanúnach a bhaint amach sa soláthar seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an clár oiliúna bliantúil bunaithe go príomha ar na riachtanais oiliúna aonair a sainaithníodh trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid de phróiseas an Chórais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta. Chomh maith leis sin, cuirtear na nithe seo san áireamh sa Chlár: Riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta, an Clár Náisiúnta FETAC, an Clár Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal agus Seimineáir/Ceardlanna éagsúla de réir mar a thagann siad chun cinn.

B'ionann an caiteachas iomlán ar oiliúint agus €295,356 (caiteachas le haghaidh Seirbhísí Dóiteáin san áireamh). Soláthraíodh clár an-chuimsitheach oiliúna ar fud 2014. Is mar seo a leanas atá sampla de na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil:-

- Oiliúint Reachtaíochta
- Scileanna Seomra Cúirte
- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil le linn Oibreacha Bóthair
- Pas Sábháilte
- Bainistíocht Riosca Tuile
- Cosc Dóiteáin agus Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola
- Bainistíocht Strus san Ionad Oibre
- Athbhreithniú ar Threoirlínte an IAT maidir le Cóiriú Dromchla
- Rialacha maidir le Soláthar Earnála Poiblí a Thuiscint

- Cruinniú Faisnéise maidir le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
- Bainistiú go Sábháilte i dTógáil
- Measúnú ar Oibríochtaí Ionaid Chóireála Uisce
- Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint Garchabhrach

An Clár Foghlama Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise dianiarracht, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, cabhrú le fostaithe ar mian leo tabhairt faoi Chúrsaí Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal a bhaineann le forbairt gnó na Comhairle agus le ról agus freagrachtaí an fhostaí agus a chuireann leo sin. Is mar seo a leanas atá sampla de na cláir Foghlama Oscailte a éascaíodh le linn 2014:-

- An Foras Riaracháin – Deimhniú i Rialtas Áitiúil
- IPASS – Deimhniú i dTeicnící Párolla
- Ollscoil Uladh – Innealtóireacht Shibhialta
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – Clár MAVIS
- COBÁC – Deimhniú i mBainistíocht Comhshaoil

Beartais Foirne

Ar aon dul leis an dea-chleachtas i mBainistíocht Acmhainní Daonna, tá raon beartais foirne forbartha ag Comhairle Chontae Laoise - a ndearna na cinn seo a leanas díobh a thabhairt isteach/a athbhreithniú le linn 2014:

- An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra 2014
- An Beartas um Ghníomhú ag Leibhéal Níos Airde (arna leasú i mí Feabhra 2014)
- Beartas lena gcoisctear Caitheamh Tobac san Ionad Oibre (arna nuashonrú i mí an Mheithimh 2014)
- An Lámhleabhar d'Fhostaithe (athbhreithnithe)
- An Scéim um Uaireanta Inathraithe (arna leasú i mí na Bealtaine 2014)

Comhionannas

Fostóir comhionannas deiseanna is ea Comhairle Chontae Laoise agus tá sí tiomanta do thabhairt isteach a dhéanamh ar raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta arb é is aidhm dóibh an méid a chuireann daoine aonair leis agus feidhmíocht daoine aonair a aithint, cumas gach duine aonair a fhorbairt agus comhdheiseanna a thabhairt do gach duine úsáid a bhaint as a thallann/tallann féin agus lán a chumais/cumais a bhaint amach.

Tacú le hÉagsúlacht

Tacaíonn Comhairle Chontae Laoise le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus comhlíonann sí an sprioc atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag éascú roinnt socrúcháin taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas.

TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE

Tá an Rannóg um Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide Ionnaithe i gCeanncheathrú na Comhairle in Áras an Chontae, Port Laoise. Déanann an Rannóg, ina bhfuil 7 ball foirne, bainistiú ar bhonneagar TFC na Comhairle, lena n-áirítear an tIonad Sonraí agus suiteálacha ríomhaire agus cumarsáide in Áras an Chontae, in Oifigí Ceantair, i Leabharlanna agus i réadmhaoine éagsúla eile de chuid na Comhairle ar fud an chontae. Cuireann sí tacaíocht ar fáil do gach ceann de na Rannóga eile sa Chomhairle agus tá sí freagrach as cur chun feidhme, cothabháil, bainistíocht agus slándáil chórais TFC na Comhairle. Tá rún daingean ag an Rannóg feabhas leanúnach a chur ar a seirbhísí TFC laistigh den Chomhairle féin agus leis an bpobal a úsáideann seirbhísí na Comhairle. Rinne foireann tacaíochta teicniúla próiseáil ar phas beag níos mó ná 2,700 glao tacaíochta ó na rannóga go léir sa Chomhairle le linn 2014.

Sláinte agus Sábháilteacht

D'fhreastail baill foirne ón Rannóg um TFC ar chruinnithe faisnéise Sláinte agus Sábháilteachta de réir mar ba ghá le linn 2014. Chomh maith leis sin, thug siad faoi mheasúnuithe tréimhsiúla sábháilteachta VDU / stáisiúin oibre nuair ba ghá i gcomhar le foireann na Rannóige um Shláinte agus Sábháilteacht. Tugtar an-tosaíocht do shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta agus leagfar tuilleadh béime orthu in 2015 agus ina dhiaidh.

An Eagraíocht Fiontar Áitiúil

Rinne baill foirne ón Rannóg um TFC bainistiú agus cur chun feidhme ar nascacht agus ceanglais theicniúla eile atá i gceist le hOifigí na hEagraíochta Fiontar Áitiúil i gCluain Maighneann, Port Laoise, a chur le líonra ríomhairí agus córais ríomhphoist agus bhunachar sonraí na Comhairle.

Na Toghcháin Áitiúla, 2014

Bhí baint ag baill foirne TFC le háiseanna ríomhaireachta agus teileafónaíochta a chur ar fáil ag ionad comhairimh na dToghchán Áitiúil i bPort Laoise. Rinne na baill foirne tástáil agus bainistiú ar oibriú na gcóras ríomhairithe atá in úsáid san ionad agus chabhraigh siad leis an gCeann Comhairimh torthaí agus staitisticí comhairimh a tháirgeadh.

Córas Oibriúcháin Windows XP

Chuir Microsoft deireadh le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh chóras oibriúcháin ríomhaireachta Windows XP i mí Aibreáin 2014. Bhí líon suntasach ríomhairí a d'úsáid an chórais oibriúcháin sin ag Comhairle Chontae Laoise agus cuireadh straitéis i bhfeidhm go mall sa bhliain 2013 chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin. Tugadh infheistíocht shuntasach i dtrealamh ríomhaireachta agus in acmhainní foirne ar son an tsaincheist sin a réiteach le linn 2014.

Na Meáin Shóisialta

Laois.ie

Amharcadh ar 533,916 leathanach ar Laois.ie in 2014, bhí breis agus 200,000 seisiún ann agus thug 118,574 duine uathúil cuairt air. Is ionann é sin agus meánlíon de 1,460 cuairt in aghaidh an lae. Baineann an chuid is mó de chuairteoirí úsáid as ár saoráidí ar líne d'fhiosruithe pleanála. An rannán ba mhó éileamh ina dhiaidh sin ba ea an tsaoráid íocaíochtaí ar líne. Tá an-tóir ar ár saoráidí Leabharlainne ar líne i measc úsáideoirí ár suímh Ghréasáin agus tá ag méadú ar líon na mball atá ag athnuachan agus ag ordú leabhar ar líne. Tá an córas Mótarchánach Ar Líne ag leanúint ar aghaidh ag mealladh líon méadaitheach úsáideoirí. Tá ár bhfoirm teagmhála / fiosraithe ar líne ag leanúint ar aghaidh ag mealladh sruth seasta fiosruithe gach seachtain.

Twitter:

Príomhleathanach na Comhairle ar twitter - @LaoisCouncil, ag a bhfuil 2531 leantóir.
Fóram Oidhreachta Laoise - @LaoisHeritage, ag a bhfuil 1414 leantóir.
Leabharlanna Laoise - @LaoisLibraries, ag a bhfuil 851 leantóir.
Giniúint Ceoil Laoise - @MusicGenLaois, ag a bhfuil 122 leantóir.
An Teach Ealaíne agus Leabharlann - @ArthouseLibrary, ag a bhfuil 175 leantóir.
Fuinneamh an Láir Tíre - @MidlandEnergy, ag a bhfuil 92 leantóir.
Turasóireacht Laoise - @LaoisTourism, ag a bhfuil 403 leantóir.
Scoil James Fintan Lalor - @JFLSchool, ag a bhfuil 126 leantóir.

Suíomhanna Gréasáin

Tá an Rannóg um TFC tiomanta do chostais a laghdú agus níos mó suíomhanna Gréasáin a fhorbairt agus a choinneáil go hinmheánach. Cuireadh tús le hobair go mall in 2014 ar thionscnaimh as a dtiocfaidh dul chun cinn suntasach ar an réimse sin in 2015. Déanann an Chomhairle 14 shuíomh Gréasáin san iomlán a óstáil agus a chothabháil faoi láthair.

Deisigh do Shráid

Suíomh Gréasáin a chuireann ar chumas úsáideoirí fadhbanna a thuairisciú dá gComhairle áitiúil is ea www.fixyourstreet.ie. Is féidir an suíomh Gréasáin a úsáid chun fadhbanna neamhéigeandála a thuairisciú, mar shampla, graifítí, fabhtanna bóithre, fadhbanna le soilsiú sráide, sceití uisce/fadhbanna draenála agus bruscar nó dumpáil neamhdhleathach. De réir an ghealltanais a tugadh i gClár an Rialtais, is laistigh de 2 lá oibre a dhéileálfar le saincheisteanna a ardaítear ar an suíomh Gréasáin sin.

Leathanaigh ar Facebook:

Comhairle Chontae Laoise - www.facebook.com/LaoisCountyCouncil
Is é seo príomhleathanach na heagraíochta ar Facebook. Cuirtear nuacht agus faisnéis ó gach rannóg leis an leathanach ar mhaithe le é a choinneáil cothrom le dáta.
Fóram Oidhreachta Laoise - http://www.facebook.com/laois.heritage.forum tá an leathanach seo á choimeád ar bun ag an Oifigeach Oidhreachta, atá den tuairim go bhfuil an leathanach an-éifeachtach maidir le feasacht a ardú ar gach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha i gContae Laoise.
Leabharlanna Laoise - www.facebook.com/LaoisLibraries Nuashonraíonn ár Rannóg Leabharlainne an leathanach seo, agus í ag cur nuachta agus imeachtaí ó gach ceann de na leabharlanna áitiúla leis.
Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise - www.facebook.com/laoisfire. Coinníonn an rannóg Dóiteáin úsáideoirí ar an eolas faoi thimpistí, faoi tharrthálacha agus faoi imeachtaí oiliúna áitiúla.
Comhshaol - www.facebook.com/LaoisEnvironment Coinnigh Laois Glan – baineann ár Rannóg Comhshaoil úsáid as a leathanach ar Facebook chun leantóirí a choinneáil ar an eolas faoi chomórtais, faoi imeachtaí pobail, faoi ghlantacháin agus faoi fhaisnéis athchúrsála.
Bailte Slachtmhara Laoise - https://www.facebook.com/pages/Laois-Tidy-Towns/163631410408752, suíomh Gréasáin eile de chuid na Rannóige Comhshaoil is ea seo, arb é is aidhm dó aird a tharraingt ar an dea-obair atá á déanamh ag grúpaí bailte slachtmhara ar fud Laoise.
Turasóireacht Laoise - http://www.facebook.com/laoistourism - Baineann ár nOifigeach Turasóireachta úsáid as an leathanach mar uirlis úsáideach thábhachtach chun Contae Laoise a chur chun cinn.
An Teach Ealaíne agus Leabharlann - www.facebook.com/thearthouseandlibrary, tá an leathanach seo á choimeád ar bun ag an Rannóg Ealaíon chun imeachtaí i nGailearaí an Tí Ealaíne agus Leabharlann ar an Sráidbhaile a fhógairt.
Scoil James Fintan Lalor - https://www.facebook.com/JamesFintanLalor, úsáidtear an leathanach seo ar Facebook chun scoil James Fintan Lalor a chur chun cinn, rud a bhíonn ar siúl gach bliain anseo i Laois.
Fóram Pobail Laoise - www.facebook.com /pages/Laois-Community-Forum/120254797988933, soláthraítear faisnéis ar an leathanach seo do ghrúpaí pobail agus deonacha ar fud Laoise.
Ealaíona Laoise - www.facebook.com/LaoisArts, úsáideann an Rannóg Ealaíon i gComhairle Chontae Laoise an leathanach seo chun tacú le himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud Laoise.
Scoil Cheoil Laoise - www.facebook.com/LaoisSchoolofMusic, tá an leathanach seo á choimeád ar bun ag ár gComhordaitheoir Ceoil chun aird a tharraingt ar dhea-obair na scoile agus í a chur chun cinn.
Giniúint Ceoil Laoise - https://www.facebook.com/MusicGenerationLaois, úsáidtear an leathanach seo chun an tseirbhís den scoth in oideachas ceoil a fhógairt, rud atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i Laois.

An Coiste Beartais Straitéisigh um an bPobal agus Forbairt Gheilleagrach, Cultúr agus Oidhreacht

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Cathaoirleach: John King, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Michael Lalor, M.C.C	Brendan O'Brien
John Bonham, M.C.C.	Kathleen Gorman
James Deegan, M.C.C.	Fintan Phelan
Paul Mitchell, M.C.C.	
Pádraig Fleming, M.C.C.	
Rotimi Adebari, M.C.C.	
Clare Spollen, T.C	

AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

Déantar foráil leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 do Choistí Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú sa 31 ceantar údaráis áitiúil.

Tháinig na Coistí ionad na mBord Forbartha Contae agus, cé gur choinnigh siad cineál comhoibríoch na mBord Fiontar Contae, tá ról breisithe agus struchtúr difriúil acu.

Is é príomhfheidhm na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil ná cur chuige níos straitéisí níos comhtháití a bhaint amach maidir le forbairt áitiúil agus pobail. Déanfaidh siad maoirseacht ar chistiú a bhaineann le forbairt áitiúil agus leis an bpobal ina gcontae féin agus beidh freagrach orthu as an maoiniú sin.

Déanfaidh gach Coiste forbairt ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a mhairfidh sé bliana. Comhaontóidh an plean sin an creat straitéiseach le haghaidh acmhainní a leithdháileadh ar fhorbairt eacnamaíoch agus pobail agus déanfaidh sé eolas do phróisis phleanála eile. Cuirfidh an Chomhairle an plean sin i láthair lena fhormheas go luath sa bhliain 2015.

Tá na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil bunaithe ar chomhaltas ó na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla:

Gerry Murphy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Laoise
An Comhairleoir John King (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Pascal McEvoy
Evelyn Reddin, an Príomhoifigeach, an Oifig Fiontar Áitiúil
Graham Tuohy, an Príomhoifigeach cúnta, an Roinn Coimirce Sóisialaí
Joe Ruane, Bainisteoir Ceantair, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Joe Cunningham, an Príomhoifigeach, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí
Anne Goodwin, an Príomhoifigeach, Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise
Joe Thompson, Comhordaitheoir, Obair d'Ógra Éireann (Laois)
Conal Bradley, an tUachtarán, an Comhlachas Tráchtála
Michael Bergin, Colún na Feirmeoireachta
Chris Uys, Colún an Chomhshaoil
Sheelagh Coyle, Ionadaí don Phobal
Paddy Buggy, Ionadaí don Phobal
Michael Dowling, Ionadaí don Phobal
Margaret Guijt Lawlor, Ionadaí don Phobal

Cuireadh an chéad chruinniú ar siúl Dé Céadaoin an 17 Meán Fómhair 2014 agus cuireadh tús le hobair ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a fhorbairt. Ghlac an Coiste freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Pobail Áitiúil a chuaigh as feidhm i mí na Nollag 2014.

LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL LAOISE

An 21 Iúil 2014, tugadh faisnéis don phobal faoi chreat nua ar a dtugtar Líonra Rannpháirtíochta Pobail Laoise. Is éard atá ann ná creat nua le haghaidh rannpháirteachas agus rannpháirtíocht an phobail agus tá sé á bhunú laistigh de Chontae Laoise faoi láthair. Beidh an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ar an bpríomhnasc trína nascann an tÚdarás Áitiúil leis an earnáil pobail, leis an earnáil cuimsithe shóisialta agus leis an earnáil comhshaoil. Tá sé mar aidhm ag struchtúr Líonra Rannpháirtíochta Pobail deis agus cabhair a thabhairt d'eagraíochtaí poiblí atá ag oibriú laistigh den phobal leathan raon éagsúil tuairimí, saincheisteanna agus leasanna a chur in iúl laistigh den chóras rialtais áitiúil.

GRÚPA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA LAOISE DON LUCHT SIÚIL

Cuimsíonn an Grúpa seo roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a n-áirítear lena gcuid oibre feabhsú saoil le haghaidh an lucht siúil sa chontae. In 2014, áiríodh na nithe seo a leanas le hobair an Ghrúpa sin:

- Tosú ar chlár oideachais a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí, atá dírithe ar scileanna litearthachta a fheabhsú agus ar mhuinín a fhorbairt d'fhonn dul isteach in oideachas príomhshrutha.
- An Clár um Chúram Sláinte Príomhúil don Lucht Siúil – Fostaíodh ceathrar oibrithe Sláinte den Lucht Siúil agus rinneadh for-rochtain ar bhreis agus 90 teaghlach den Lucht Siúil i leith ábhar ar nós sláinte fiacla, meabhairshláinte agus sábháilteacht dóiteáin, etc.

SEACHTAIN BRÓID AN LUCHT SIÚIL:

Réamhamharc ar Home:Place – lena gceiliúrtar Bród an Lucht Siúil in Óstán Oidhreachta Phort Laoise ag cruinniú ceann bliana Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann roimh sheoladh áitiúil an tionscadail an 16 Meitheamh 2014 in Ionad Paróiste Phort Laoise ag 2pm.

Is é is Home:Place ann ná saothar ealaín suiteála idirghníomhach i sraith a chruthaigh Jayne Louise Kelly, an físealaíontóir, agus David Delaney, an file, i gcomhar le Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe Laoise. Oibríonn Jayne agus David le chéile ag úsáid meáin mheasctha chun misneach agus spreagadh a thabhairt don rannpháirtí spéis a chur sa saothar ealaín suiteála agus spreagadh na meabhrach, an choirp agus an anama a chur chun cinn. Cuirtear coincheapa cruthaitheacha agus focail David san áireamh i spreagadh casta dlúth Jayne dá saothar orgánach chun saothar amháin a chruthú, rud a chuireann ardán ar fáil do chuairteoirí spéis a chur ann. D'fheidhmigh grúpaí áitiúla Taistealaithe an coincheap chun an saothar a bhí ar taispeáint ag an seoladh a chruthú.

LÍONRA ÁITIÚIL DRUGAÍ LAOISE

Lean Coiste Líonra Áitiúil Drugaí Laoise ar aghaidh ag teacht le chéile in 2014. Cabhraíonn obair an líonra le feasacht a spreagadh ar a thábhachtaí atá sé tacú leis na daoine sin sa chontae atá ag fanacht le cóireáil agus atá ag téarnamh as mí-úsáid substaintí. Thacaigh an Líonra le tionscadail amhail Sraithchomórtais Sráide Phort Laoise agus an Clár Cóitseála Pobail, a oibrítear i gcomhar le Comhpháirtíocht Laoise agus le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise.

CLÁR CONTAE LAOISE A THACAÍONN LE DAOINE BREACAOSTA

IRELAND'S AGE FRIENDLY CITIES & COUNTIES PROGRAMME

An 8 Iúil 2014, sheol Comhairle Chontae Laoise a Clár Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Lean sí na contaetha agus na cathracha eile a bhfuil an clár seolta acu ó thosaigh an tionscnamh i gContae Lú in 2008. Ba é cuspóir an tseolta ná fuinneamh a chur i gcleachtadh comhairliúcháin agus ardaithe feasachta ar fud an chontae, ar cleachtadh é a thabharfaidh eolas do Straitéis Chontae Laoise a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a fhoilseofar sa bhliain le teacht.

I bpobal a thacaíonn le haois, ceaptar beartais, cláir, seirbhísí agus bonneagar a bhaineann leis an gcomhshaol fisiceach agus sóisialta chun cur ar chumas daoine breacaosta maireachtáil go sábháilte, dea-shláinte a bheith acu agus leanúint de pháirt a ghlacadh sa tsochaí ar bhealach suntasach.

Tá an próiseas á threorú ag Comhaontas Contae Laoise a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Laoise cathaoirleacht ar an gcomhaontas sin agus áireofar leis eagraíochtaí ábhartha amhail FSS, an Garda Síochána, Comhpháirtíocht Leader agus geallsealbhóirí eile.

AN SCÉIM UM ALÁRAIM DHEATAIGH DON PHOBAL, 2014

In 2014, ghlac Comhairle Chontae Laoise páirt sa scéim um 400 aláram deataigh (2 cheann sa teach cónaithe) a cheannach agus d'fhorchúitigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na costais. Agus cúnamh á fháil acu ó Ionadaithe Pobail, ó Chomhaltaí Tofa, ó Chomhpháirtíocht Laoise agus ó Ghrúpa Gníomhaíochta Laoise don Lucht Siúil, bhain 90 teaghlach den Lucht Siúil i Laois, mar aon le daoine scothaosta i gCluain na Slí, i mBaile Uí Ruáin, i mBaile na Coille, in Achadh Bhó, i bPort Laoise agus sa Sráidbhaile, leas as an scéim i mbliana.

Lean an Rannóg Pobail agus Fiontar ar aghaidh ag éascú tacaí do na grúpaí seo agus ag cur tacaí ar fáil dóibh in 2014:

- Grúpa Tacaíochta Laoise do Mhionlaigh Eitneacha
- Grúpa Comhoibríoch Meabhairshláinte Laoise
- Daoine Scothaosta
- Daoine Imeallaithe nach gCloistear a dTuairimí go Minic sa Phobal

COMHAIRLE NA nÓG DE CHUID LAOISE, 2014

Bhí bliain rathúil eile ag Comhairle na nÓg de chuid Laoise in 2014, bliain inar earcaíodh roinnt ionadaithe nua ó gach cearn den chontae chuig an gComhairle.

Déanann Comhairle na nÓg de chuid Laoise dianiarracht ionadaíocht a dhéanamh do mhuintir óga Laoise le go n-éistfeadh na cinnteoirí is aosaigh inár gcontae lena gcuid tuairimí agus le go mbeadh áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh dár gcontae.

Tá sé mar aidhm acu dul i gcomhairle le comhlachtaí cinnteoireachta beartais is aosaigh inár gcontae, rud a chinntíonn cosaint do dhaoine óga agus an cur ar fáil áiseanna nó faisnéise dóibh. Is iomaí bealach inar féidir le daoine óga agus le haosaigh oibriú le chéile chun a chinntiú go gcosnaítear daoine óga agus go gcoinnítear ar an eolas iad ach dul i gcomhairle leo. Tá sé de chúram ar an gComhairle freisin aiseolas a thabhairt do na daoine óga ar fud an chontae faoi na saincheisteanna agus na

comhairliúcháin. Rinne Julian Naggie ionadaíocht do Laois in 2014 ar Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta Chomhairlí na nÓg freisin.

Bhí Comhairle na nÓg de chuid Laoise an-ghnóthach in 2014. Toghadh cathaoirleach nua, rinne Corey Marum ionadaíocht do Choláiste Phort Laoise agus do Chaifé Phort Laoise don Ógra a chuimsíonn Leighea Flannery (Rúnaí) agus Sean Doyle (Leas-Chathaoirleach).

Cuireadh an cruinniú ceann bliana ar siúl an 21 Deireadh Fómhair 2014 in Óstán Oidhreachta Phort Laoise agus d'fhreastail breis agus 140 duine óg air. Áiríodh leis na saincheisteanna a pléadh ailt faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Thug Comhaltaí de Chomhairle Chontae Laoise eolas chun dáta ar a gcuid oibre do Chomhaltaí de Chomhairle Chontae Laoise ag Cruinniú mhí Dheireadh Fómhair 2014 de chuid na Comhairle. Thug na Comhaltaí aitheantas agus moladh don obair agus spreag siad iad leanúint léi.

SEACHTAIN FEASACHTA AR MHEABHAIRSHLÁINTE DE CHUID LAOIS CONNECTS

Bhí ceann amháin de bhuaicphointí na bliana ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2014 nuair a rinne Fóram Pobail Laoise óstáil ar imeacht seachtaine ar Fheasacht ar Mheabhairshláinte darb ainm 'Laois Connects'. Ba é seo an tríú bliain den tionscnamh seo a bhfuil ag éirí go geal leis. Áiríodh leis an imeacht seachtaine sin, a ndearna Alison Miller, imreoir rugbaí, seoladh air, cainteanna, ceardlanna agus seimineáir a bhaineann le meabhairshláinte. Ba é aidhm na seachtaine feasacht ar shaincheisteanna meabhairshláinte a ardú agus na tacaí atá ar fáil sa phobal áitiúil a thaispeáint. I mbliana, d'fhoilsigh Fóram Pobail Laoise eolaire tacaí agus seirbhísí cabhrach i gContae Laoise a dáileadh go forleathan. Rinne Fóram Pobail Laoise óstáil ar an imeacht i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí: FSS, Comhpháirtíocht Spóirt Laoise, Meabhairshláinte Éireann, Cónaidhm Míchumais na hÉireann, Comhairle Chontae Laoise, Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí. Bhí roinnt eagraíochtaí eile ina gcomhpháirtithe san imeacht – Pfizer, GROW, Shine, Grúpa Gníomhaíochta Laoise don Lucht Siúil, Glosna House, Telfords, Ana Liffey Drug Project, Barnardos agus Leinster Express. Ghlac eochairchainteoirí páirt i roinnt mhaith seimineár agus ceardlann ar fud Laoise agus reáchtáladh gníomhaíochtaí éagsúla, idir shiúlóidí agusióga agus thaispeántas cócaireachta agus theiripe ealaíne.

Tionscnamh na mBailte Slachtmhara

Rinneadh an cinneadh go mbeadh Port Laoise ar bhaile sláintiúil na hÉireann don bhliain 2014 mar chuid de thionscnamh comhpháirteach idir an Irish Times agus Pfizer Healthcare. Ar feadh ocht seachtaine, bhí imeachtaí éagsúla ar siúl sa bhaile agus ar fud an chontae a bhí dírithe ar bhealaí lena sláinte agus lena bhfolláine ghinearálta a fheabhsú a thaispeáint do gach duine, beag beann ar an áit ina bhfuil siad ina gcónaí. Ba é 2014 an tríú bliain den chlár.

Tá na nithe seo ar na príomhghnéithe de 'Baile Sláintiúil':

- Cuireann Foras Croí na hÉireann scrúduithe sláinte duine le duine atá saor in aisce ar fáil. Tugadh comhairle sláinte croí faoi na tosca riosca eile do ghalar croí, amhail caitheamh tobac, alcól, neamhghníomhaíocht choirp, strus agus bia sláintiúil. Cuireadh na scrúduithe sláinte ar fáil trí ghrúpaí áitiúla, rud a chinntigh gur cuireadh gach grúpa san áireamh, agus bhí roinnt díobh ar oscailt do bhaill den phobal.
- Cainteanna agus taispeántí ó chainteoirí is saineolaithe faoi réimsí lena n-áirítear bia sláintiúil, tuismitheoireacht, meabhairshláinte, caidreamh, bainistíocht struis agus cur chun cinn na sláinte.
- Camchuairteanna siopadóireachta sláintiúla agus cothaithe ar thug diaitéitigh Fhoras Croí na hÉireann fúthu in SuperValu Mulhall i bPort Laoise.
- Roinnt mhaith gníomhaíochtaí spóirt agus corpacmhainne ar fud na tréimhse ocht seachtaine do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas.

DÁMHACHTAINÍ POBAIL AGUS DEONACHA LAOISE 2014

An 15 Eanáir, cheiliúir Comhairle Chontae Laoise laochra na bpobal áitiúil ar fud an chontae nuair a chomhchruinnigh 235 duine in Ionad Ealaíon Dhún Másc, Port Laoise, do na 6ú Dámhachtainí Bliantúla Pobail agus Deonacha. Déantar óstáil ar na Dámhachtainí chun aitheantas a thabhairt don mhéid ollmhór a chuireann grúpaí pobail agus deonacha leis an saol i gContae Laoise.

Aithníodh go ndearna gach ainmní difríocht shuntasach laistigh dá bpobal áitiúil agus lasmuigh de ach a gcuid ama, a gcomhoibriú, a samhlaíocht agus a n-obair dhian a chur ar fáil d'fhonn clubanna rathúla, imeachtaí rathúla agus tiomsú airgid rathúil a bhaint amach laistigh den phobal agus rinneadh comhghairdeas leo as an méid sin. Bronnadh teastas ar gach grúpa lenar tugadh aitheantas don mhéid a chuir siad leis an iarracht phobail agus dheonach i Laois.

Ba é Justin Treacy, láithreoir de chuid RTÉ arb as Contae Laoise ó dhúchas dó, Fear an Tí ar an oíche. Ag tús na hoíche, thug an Comh. John Joe Fennelly, an Cathaoirleach, agus Gerry Murphy, Príomhfheidhm-eannach Chomhairle Chontae Laoise, aithisc agus thug Ensemble Sinsearach Scoil Cheoil Laoise taibhiú faoi stiúir an Uas. Vincent Hunt.

Gabhadh buíochas leis na moltóirí as a n-ionchur agus bhí siad an-tógtha i mbliana an athuair leis an tiomantas leanúnach a thugann líon mór daoine a bhaineann roinnt mhaith nithe amach ar bheagán acmhainní. Gabhadh buíochas ó chroí leis na pobail go léir a ndearnadh ionadaíocht dóibh agus cuireadh i gcuimhne dóibh gur buaiteoirí cheana féin iad na pobail go léir a ainmníodh.
Dúirt an Comh. John Joe Fennelly, an Cathaoirleach: 'tugaimid aitheantas do dhaoine de bhur leithéidí fud fad an chontae agus do gach ar bhain sibh amach san aimsir dhoiligh seo, aimsir ina bhfuil obair an oibrí dheonaigh ag teastáil níos mó ná am ar bith riamh, chun cabhrú lenár gcontae teacht amach as an aimsir seo le dearcadh dearfach agus le scil le haghaidh oibriú le chéile'.

Ba iad seo na grúpaí a bhuaigh na Dámhachtainí agus na grúpaí a fuair an dara háit:

NA hEALAÍONA - 5 AINMNÍ

BUAITEOIR: Yarnbombing Mountmellick
SA DARA hÁIT: Cór Chumann Bhantracht na Tuaithe de chuid Chónaidhm Laoise

OIDHREACHT - 3 AINMNÍ

BUAITEOIR: Cumann Ealaíon agus Oidhreachta Chúil an tSúdaire

SA DARA hÁIT: Grúpa Taighde agus Cuimhneacháin Mhóinteach Mílic ar an gCéad Chogadh Domhanda

AN COMHSHAOL - 8 nAINMNÍ

BUAITEOIR: Craobh Laoise/Uíbh Fhailí d'Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann

SA DARA hÁIT: Tionscadal Portaigh Mhainistir Laoise

SEIRBHÍSÍ AGUS TACAÍOCHT POBAIL - 18 nAINMNÍ

BUAITEOIR: Seirbhísí Sóisialta Bhuiríos Mór Osraí

SA DARA hÁIT: Embrace Farm

SPÓRT AGUS FÓILLÍOCHT - 13 AINMNÍ

BUAITEOIR: Club Cadhcála agus Canúála Laoise

SA DARA hÁIT: Forbairt Páirceanna Mhainistir Laoise

Bhí 6 ainmní sa chatagóir um Dhuine Óg na Bliana. Comhbhuaiteoirí ar an oíche ba iad Cailean O'Keefe agus Aoife McNicholl, beirt a bhain barr feabhais amach ina réimse féin.

De na 26 ainmní le haghaidh Laoch Neamh-Mholta, bronnadh an dámhachtain um Laoch Neamh-Mholta 2014 ar Trevor Stanley, arb as Ráth Domhnaigh ó dhúchas dó. Thug an Comh. John Joe Fennelly, an Cathaoirleach, an dámhachtain dó. Rinne an Comh. Fennelly comhghairdeas leis na hainmnithe go léir. Dar leis, is laochra iad ina bpobal féin as an obair dhíograiseach agus as an tiomantas a chuireann siad lena gceantar áitiúil agus lena bpobal áitiúil.

COMHPHÁIRTÍOCHT GHNÓ SCOILEANNA

In 2014, lean Comhairle Chontae Laoise dá comhpháirtíocht le daltaí 5ú bliain i gColáiste Phort Laoise d'fhonn cur i gcrích scoile a spreagadh trí thosú ar chlár dar teideal "Scileanna ag an Obair" a chur i bhfeidhm.

Rinne foireann na Comhairle meantóireacht ar 25 dalta le linn scoilbhliain 2013/2014, rud a chuimsigh cuairt ar Áras an Chontae le bualadh le fostaithe na Comhairle agus beannú dóibh, cuairt ar Stáisiún Dóiteáin Phort Laoise agus seisiún le Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle i leith scileanna agallaimh agus CVanna a ullmhú. Bhí bréagagallaimh a dhéanfaidh fostaithe na Comhairle agus seisiún aiseolais a thabharfaidh daltaí a ghlac páirt ann ag deireadh an chláir.

MEN'S SHED

Rinne Comhairle Chontae Laoise ranníocaíocht in 2014 le Tionscadail Men's Shed i Ráth Domhnaigh agus i bPort Laoise.

AN FOIRGNEAMH POBAIL IN ASCAILL MHUIRE

Bhí bród ar Chomhairle Chontae Laoise freisin bheith rannpháirteach i bhforbairt an Fhoirgnimh Phobail Nua in Ascaill Mhuire, Port Laoise. Osclaíodh go hoifigiúil é i mí na Nollag 2014.

IONADAÍOCHT

Rinne baill foirne sa Rannóg Pobail agus Fiontar ionadaíocht don Bhord Forbartha Contae agus do Chomhairle Chontae Laoise ar roinnt Bord agus Coistí. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh siad leis na gníomhaireachtaí/na heagraíochtaí seo a leanas ar thionscadail agus thionscnaimh éagsúla ar fud na bliana 2014:

- Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise
- Comhpháirtíocht Spóirt Laoise
- Clár Laoise um Iompar le haghaidh Comhtháthú Tuaithe
- Bord Fiontar Contae Laoise
- BLOCK agus PORT - Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána
- Cuibhreannas Chaifé Phort Laoise don Ógra
- Cuibhreannas Chaife Ráth Domhnaigh don Ógra
- Grúpa Comhoibríoch Meabhairshláinte Laoise
- LABEL (Ionad Tríú Leibhéal Laoise)
- Coiste an Láir Tíre um Choimhlint idir Taistealaithe agus Idirghabháil

TURASÓIREACHT

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur an Chontae chun cinn agus d'oibrigh sí go gníomhach le Bord Thurasóireacht Laoise, le Fáilte Ireland agus leis an bpobal mór chun Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe le haghaidh Féilte agus Imeachtaí agus chun forbairt a dhéanamh ar a hiomrá mar cheann scríbe a bhfillfidh cuairteoirí air arís is arís.

Rinneadh raon féilte agus imeachtaí a phleanáil agus a eagrú, lenar áiríodh:

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, 23 – 25 Meán Fómhair

Bhí Comhairle Chontae Laoise ar cheann amháin de na grúpaí a raibh taispeántáin acu ag Marquee Laoise. D'fhreastail Turasóireacht Laoise, Comhpháirtíocht Laoise agus gnóthais nua agus reatha ar imeacht na bliana seo freisin tríd an Oifig Fiontar Áitiúil.

Bhí imeachtaí chun an contae a chur chun cinn agus ceardlanna ealaíne agus cultúir ar siúl thar na trí lá.

Babhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí

Ghlac 60 cailín óg páirt i mBabhtaí Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí a bhí ar siúl thar dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc an Mheithimh. Reáchtáladh féile seachtaine darb ainm "Beat on the Street" i mBaile Mhóinteach Mílic mar chuid d'Fhéile Summerfest. Thug na Rósanna cuairt ar scoileanna áitiúla agus ar Chaisleán Dharú, d'fhreastail siad ar Aifreann i Mainistir Laoise agus ghlac siad páirt i bparáid mhór i mBaile Phort Laoise Dé Sathairn an 31 Bealtaine i dteannta Róisíní ó Scoileanna ar fud an Chontae, agus iad ag taisteal i gcarranna clasaiceacha ó Chomhaltaí de Choiste Rás Carranna Clasaiceacha Gordon Bennett. Rinne Teresa Brennan ionadaíocht do Laois ag Féile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí i mí Lúnasa i dTrá Lí.

Rás Carranna Clasaiceacha Gordon Bennett

Bhí Rás Carranna Clasaiceacha Gordon Bennett 2014 ar siúl thar dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc an Mheithimh. Cuireadh fáiltiú Cathaoirligh ar siúl in Áras an Chontae Dé hAoine an 30 Bealtaine chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, go háirithe na cuairteoirí ar Laois a tháinig as tíortha thar lear. Thiomáin rannpháirtithe Bealach stairiúil Gordon Bennett thar an deireadh seachtaine agus ba é an buaicphointe do roinnt mhaith daoine an pháirt a ghlac siad i bParáid Cheiliúrtha Réigiúnach Rós Thrá Lí trí shráideanna Phort Laoise Dé Sathairn an 31 Bealtaine.

Oifig Thurasóireacht Laoise

Lean an Oifig Turasóireachta de bheith i mbun feidhme cúig lá sa tseachtain. Bhí baill foirne fostaithe trí Scéim Fostaíochta Pobail Phort Laoise. Cuireann an oifig faisnéis ar fáil do chuairteoirí faoi na himeachtaí agus na nithe is díol spéise sa Chontae, mar aon le tráthchláir le haghaidh faisnéis taistil agus chóiríochta.

Clostreoracha Nua

Seoladh sraith nua clostreoracha digiteacha faoi shuíomhanna oidhreachta an chontae. Na treoracha, ar tháirg Abarta Audioguides iad do Thurasóireacht Laoise le cúnamh Chomhpháirtíocht Laoise, tá siad ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce agus tá siad ar fáil i mboscra eagráin theoranta CDanna. Sna ceithre threoir, is iad sin, Port Laoise stairiúil, Cúil an tSúdaire, Mainistreacha Laoise agus Carraig Dhún Másc, tá 8 – 10 rian atá lán de phíosaí beaga faisnéise i dteannta maisíochtaí atmaisféaracha fuaime agus ceoil a coimisiúnaíodh go speisialta.

Deontais Diaspóra Pobail

I gcomhpháirt le Fáilte Ireland agus IPB Insurance, chuir Comhairle Chontae Laoise cistiú ar fáil d'Fhéilte agus d'Imeachtaí a mheall cuairteoirí ó thíortha thar lear.

An tSraith Best of Ireland:

Rinneadh "Laois – A Beautiful Welcome", ar cuid den tSraith Best of Ireland í, a fhoilsiú agus a scaipeadh ar fud an Chontae. Cuirtear an contae, a chuid saoráidí agus na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar siúl ann gach bliain chun cinn san fhoilseachán.

Tracks and Trails

Bhí Laois le feiceáil sa tsraith "Tracks and Trails" ar RTÉ a craoladh trí huaire sa bhliain. Taispeánadh na siúlóidí i gceantar Dharú/na Cúlchoille sa tsraith leathuaire.

AN RANNÓG EALAÍON

An Plean Ealaíon 2014-2017

Rinne Orlaith McBride, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, foilsiú agus seoladh oifigiúil ar Phlean Ealaíon Laoise Nua 2014-2017 an 7 Bealtaine 2014.

Scoil Cheoil Laoise

Bhog Scoil Cheoil Laoise agus Giniúint Ceoil Laoise a n-áitreabh chuig an iarscoil theicniúil i Sráid an Iarnróid, Port Laoise. Is céim an-dhearfach sa treo ceart go bhfuil bunáit fhadtéarmach aici de réir mar a théann an Scoil Cheoil isteach ina 14ú bliain i mbun teagaisc. Coinníodh rollú ag 300 dalta agus d'fhéadfaí é sin a mhéadú tuilleadh san fhoirgneamh nua. Cuireadh ar siúl ar fud na bliana na seisiúin Forbartha Gairmiúla Leanaí do theagascóirí Scoil Cheoil Laoise agus Ghiniúint Ceoil Laoise i gcomhar le hArdscoil Cheoil Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus arna gcistiú ag Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise. D'éirigh go geal leis na seisiúin sin, rud a thug nasc bunaithe le hArdscoil Cheoil Náisiúnta na hÉireann do Scoil Cheoil Laoise.

Giniúint Ceoil Laoise

Tá clár Ghiniúint Ceoil Laoise ag leanúint ar aghaidh ag fás agus fuair breis agus 1500 leanbh rochtain ar theagasc ceoil tríd an gclár in 2014. De bhreis ar cheachtanna seachtainiúla, ghlac leanaí agus daoine óga páirt i roinnt ceolchoirmeacha, ceardlann agus máistir-ranganna, lenar áiríodh an Big Sing a ndearna an Oifig Náisiúnta um Ghiniúint Ceoil óstáil air i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath. I mí Lúil, cuireadh ceardlann Líonra Ceoil le Christ Stout agus Caitriona McCay, ar ceoltóirí Albanacha iad, ar siúl ag deireadh sraith ceardlanna ceoil thraidisiúnta i bPort Laoise. D'éirigh le Giniúint Ceoil Laoise deiseanna taibhiúcháin ag an bPicnic Leictreach 2014 a fháil le haghaidh ceoltóirí óga ó Chontae Laoise. Tógadh ardán agus rinneadh óstáil ar amhránaithe agus ar cheoltóirí ó Chomhpháirtíochtaí Oideachas Ceoil ó áiteanna fud fad na tíre freisin. Áirítear le clár Ghiniúint Ceoil Laoise Scoil Raccheoil agus Popcheoil, Clár Cóir/Amhránaíochta, An Bosca Ceoil (clár do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta), Clár Píopaí Uillinne, Prásuirlisí agus Cláirseach agus clár 'Stampede' (drumadóireacht dhomhanda).

Téatar Ógra Laoise

Áiríodh le clár Théatar Ógra Laoise ceardlanna, taibhithe agus malartuithe gach seachtain do suas go dtí 70 leanbh/duine óg, nithe ar éascaigh teagascóirí cáilithe drámaíochta iad. Bhí drámaí ar siúl in Ionad Ealaíon Dhún Másc i mí Aibreáin 2014. Thaispeáin siad tallanna Théatar Ógra an tSráidbhaile agus Théatar Ógra Phort Laoise. Tá rath agus bláth ag leanúint de bheith ag teacht ar ghrúpa Théatar Iar-scoile Chúil an tSúdaire.

Ionad Ealaíon Dhún Másc

Leanann Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag tacú le hIonad Ealaíon Dhún Másc mar cheann amháin de na príomhionaid Ealaíon i
Laois.

An Teach Ealaíne, an Sráidbhaile

Áiríodh leis an gclár cónaitheachtaí ealaíontóra, ceardlanna, camchuairteanna, imeachtaí stiúideo oscailte agus taispeántais. Áiríodh leis na buaicphointí cónaitheachtaí ealaíontóra trí mhí ar thionscadal pobail ag baint leas as an Scéim 'Céatadán ar son na hEalaíne'. I mí Lúil, rinne Nick Miller, péintéir agus ball d'Aosdána, cur i gcrích ar chónaitheacht an-rathúil 10 lá sa Teach Ealaíne. Bhí imeachtaí ar siúl ag an am céanna i gcomhar le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Bhí an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna á reáchtáil i naoi scoil in 2014. Tríd an Scéim sin, tá daltaí in ann eispéireas domhain a bheith acu leis an ealaíontóir gairmiúil agus tá an deis acu cineálacha difriúla ealaíne a eispéiriú.

Féile Bealtaine – do Dhaoine Scothaosta

Chuir an Oifig Ealaíon clár imeachtaí i láthair do dhaoine scothaosta thar mhí na Bealtaine, lenar áiríodh sraith camchuairteanna agus ceardlann leis na healaíontóirí cónaitheacha agus leis na healaíontóirí ar cuairt sa Teach Ealaíne sa Sráidbhaile.

Tionscadail Chomhoibríocha an Láir Tíre

Rinneadh dhá iris Ealaíon agus Chultúir don Lár Tíre a fhoilsiú agus a dháileadh ar fud réigiúin an Láir Tíre in 2014.

An Clár Ealaíon Samhraidh

Reáchtáladh sraith ceardlanna ealaíne 3 lá ar fud an chontae inar cuireadh tionscadail a bhí cuimsitheach ón taobh sóisialta de i Móinteach Mílic agus i Maighean Rátha san áireamh.

An Oíche Chultúir Náisiúnta

D'éirigh go geal leis an Oíche Chultúir Dé hAoine an 19 Meán Fómhair. Reáchtáladh imeachtaí saor in aisce fud fad Chontae Laoise, lenar áiríodh ceardlanna, taispeántais, taibhithe drámaíochta, ceolchoirmeacha agus a lán eile do chách.

Scoil James Fintan Lalor

Bhí an dara ceann de Scoil James Fintan Lalor ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Mar chuid de, cuireadh taispeántas sainchoimisiúnaithe le Brendan Deacy dar teideal "Síoraí" ar an ardán. Spreagadh é le scríbhinní James Fintan Lalor agus choimisiúnaigh an Oifig Ealaíon é.

Féile Liteartha na nDuilleog

Áiríodh le Féile Liteartha na nDuilleog, ar féile bhliantúil í, a bhí ar siúl i mí na Samhna, clár lán a chuimsigh ceardlanna do leanaí, ceardlanna scríbhneoireachta do dhaoine fásta, seoltaí leabhair, léamha agus ceol.

Ar na gníomhaíochtaí eile bhí

- Dámhachtainí Deontas Gníomh Ealaíon
- Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie
- Taispeántais
- Áiríodh leis na Tionscadail 'Céatadán ar son na hEalaíne' – "Tionscadal Seilbhe" Nick Miller agus Cónaitheachtaí Ealaíontóra
- Rannpháirtíocht sa Phicnic Leictreach agus sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta;
- Tacaíocht d'Fhéilte agus d'imeachtaí ealaíon pobail

AN RANNÓG SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA

Lean an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta i gComhairle Chontae Laoise ar aghaidh ag soláthar sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí le linn 2014. Ar na buaicphointí tá:

Soláthar Súgartha

Oscailtí Clóis Súgartha – Teach na Bearú agus Cúil Ruáin

Rinne Alison Miller, ball d'fhoireann rathúil Rugbaí Ban na hÉireann, Clós Súgartha Pháirc Theach na Bearú, atá lonnaithe i dtailte Club CLG Theach na Bearú, a oscailt go hoifigiúil an 11 Aibreán 2014. D'fhorbair Comhairle Pobail Theach na Bearú an tsaoráid i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise agus chuir Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise cistiú ar fáil.

Dé hAoine an 9 Bealtaine 2014, cuireadh searmanas tionscnaimh oifigiúil Chlós Súgartha agus Limistéar Áise Chúil Ruáin ar siúl, saoráid atá lonnaithe ag bunchnoic Shliabh Bladhma. Rinne Crawford Contracts Group Ltd., Tuaisceart Éireann, dearadh uathúil ar an gclós súgartha. Roghnaíodh "Spraoi ag an Seanmhuileann" mar ainm don chlós súgartha. Léiríonn an t-ainm sin stair an tsuímh ina raibh seanmhuileann lonnaithe cóngarach d'Abhainn Tonet. Chabhraigh leanaí as an gceantar leis an gComh. Michael Lalor an ribín a ghearradh.

Tá an dá fhorbairt de chlóis súgartha ina n-eiseamláirí den scoth d'obair na bpobal. Ní amháin gur shainaithin siad gá ina gceantar, d'oibrigh siad go dothuirsithe le bheith ábalta aghaidh a thabhairt ar an ngá sin in aimsir dhoiligh agus

dhúshlánach. Is sampla é den mhéid is féidir a dhéanamh nuair a oibríonn pobail agus gníomhaireachtaí le chéile chun áiseanna a chur ar fáil nach rachaidh chun tairbhe do leanaí Theach na Bearú agus Chúil Ruáin atá díreach thart orthu amháin ach a rachaidh chun tairbhe do leanaí na bpobal mórthimpeall freisin. Tá an dá shaoráid á mbainistiú ag Comhairle Chontae Laoise anois.

Seachtain na Rothar 2014

D'éirigh le Comhairle Chontae Laoise cistiú a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun sraith imeachtaí a chomhordú le cúnamh ó ghrúpaí pobail ar fud an chontae.

Ag taispeáint na dtairbhí sóisialta, sláinte agus comhshaoil a bhaineann le rothaíocht di, is é aidhm na seachtaine spreagadh a thabhairt do dhaoine ó áiteanna ar fud na hÉireann tabhairt faoi rothaíocht, bíodh sé chun críche spraoi, mar bhealach le dul thart nó chun cuairt a thabhairt ar chairde.

Ós rud é go bhfuil sí ar an imeacht rothaíochta náisiúnta is mó in Éirinn, spreagann Seachtain na Rothar na mílte duine páirt a ghlacadh in imeachtaí, athsmaoineamh a dhéanamh ar ghnáth-aistir agus a roghnú go bhfuil rothaíocht ar an mbealach is áisiúla le dul thart dóibh. Cuireadh na himeachtaí ar siúl ón 14 – 22 Meitheamh 2014 agus d'fhreastail siad ar dhaoine ar gach aois agus ag a bhfuil gach cineál cumais agus d'fhreastail breis agus 680 rannpháirtí ar fud Chontae Laoise orthu.

Cuireadh Imeachtaí Rothaíochta Spraíúla do Theaghlaigh ar siúl ar an gCloch, i Ráth Domhnaigh, i Maighean Rátha, i nDarú agus i Mainistir Laoise. Chuir Turasóireacht Laoise Theas agus Club Rothaíochta Osraí Rás 100 km 'Dhúshlán an Bhealaigh' do rothaithe agus rás 40 km do rothaithe caitheamh aimsire ar siúl Dé Domhnaigh an 22 Meitheamh ón gCearnóg, Darú.

Ghlac Scoil Náisiúnta Chamrois, Scoil Náisiúnta Rath agus Scoil Náisiúnta Chailíní Chúil an tSúdaire páirt in imeachtaí rothaíochta le linn Sheachtain na Rothar agus thacaigh Comhpháirtíocht Spóirt Laoise le roinnt imeachtaí, lenar áiríodh Ceardlanna um Rothair Thandaim a Thriail agus um Rothaíocht Shábháilte. D'eagraigh baill foirne ó ionaid oibre i Laois, lenar áiríodh Príosún an Láir Tíre agus Príosún Phort Laoise agus Comhairle Chontae Laoise, deiseanna don fhoireann taitneamh a bhaint as babhta rothaíochta ag am lóin le linn Sheachtain na Rothar.

Clár Gníomhaíochta do Leanaí

Rinne Comhairle Chontae Laoise clár an-ghnóthach gníomhaíochta samhraidh a eagrú agus a sholáthar in 2014. Soláthraíodh Leadóg Páirceanna i Mainistir Laoise, i Ráth Domhnaigh, i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire. Ghlac 200 leanbh páirt sa chlár sin.

Lá Náisiúnta Súgartha 2014

I gcomhpháirt leis an Teach Oidhreachta, Mainistir Laoise, sholáthair Comhairle Chontae Laoise imeacht saor in aisce inar thóg 50 leanbh agus a dtuismitheoirí cathair mheánaoiseach chairtchláir ar thailte an Tí Oidhreachta chun an Lá Súgartha Náisiúnta a cheiliúradh i mí Iúil 2014.

Imeacht uathúil eile ba ea an Lá Spraoi do Theaghlaigh i Siúláin Radharc na Carraige, Baile Átha an Róine, a soláthraíodh i gcomhpháirt le Laois Friends of Special Needs. Bhí tinreamh maith san imeacht. Cé nár stad an

bháisteach ach ar feadh tamaillín, níor laghdaigh sé sin a dhíograisí a bhí na daoine a ghlac páirt ann - breis agus 300 duine.

Díríodh go príomha sa dá imeacht ar 'shúgradh cuimsitheach' agus chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige cistiú ar fáil.

Seachtain Náisiúnta Áineasa 2014 - 'Leomhadh chun Iarracht a Dhéanamh'

Is éard atá anseo ná comhthionscnamh idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Údaráis Áitiúla agus bhí sé dírithe ar dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 15 bliana d'aois. Ba é an téama le haghaidh imeachtaí 2014 ná 'Leomhadh chun Iarracht a Dhéanamh'. Ba é cuspóir foriomlán an imeachta ná béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le háineas do dhaoine óga agus cur chuige idirghníomhaireachta a spreagadh ar mhaithe le roinnt de na príomhspriocanna i mBeartas Náisiúnta Áineasa na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhaint amach.

Bhí Siúlóid Eachtraíochta, Curachóireacht agus Rothaíocht i measc imeachtaí i Seachtain Náisiúnta Áineasa 2014 i gContae Laoise.

An Tionscnamh um Chluichí ar an bhFaiche

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise isteach i gcomhpháirtíochtaí le Cumann Peile na hÉireann, le Rugbaí Laighean agus le CLG Laoise chun páirtchistiú a dhéanamh ar Oifigigh Forbartha a fhostú le haghaidh an chláir um spórt sa phobal a sholáthar.

Sa chlár um Chluichí ar an bhFaiche, sholáthair Oifigigh Forbartha seisiúin chóitseála do leanaí in eastáit ar fud an Chontae. Tá an clár dírithe ar leanaí idir 6 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois ar bhonn seachtainiúil ar feadh 12 sheachtain. Le cúnamh ó oibrithe deonacha áitiúla, chuir Oifigigh Forbartha seisiúin spraíúla chóitseála i bhfeidhm chun gníomhaíocht choirp na leanaí a mhéadú i dtimpeallacht shábháilte. Is saor in aisce atá gach clár pobail agus tá siad ar oscailt do bhuachaillí agus do chailíní araon. Ba iad seo na heastáit a clúdaíodh i gclár peile 2014: Eastát Bhríde agus Cnoc Maí (Port Laoise), Lána na hÁithe, an Mhóin Bhán (Maighean Rátha), Coill na Cúirte agus Páirc an Phobail (Cúil an tSúdaire). San iomlán, ghlac 500 leanbh páirt sa chlár a raibh Bailchríoch a cuireadh ar siúl in Ionad Fóillíochta Phort Laoise i mí Iúil 2014 ar ar fhreastail Liam O'Neill, an tUachtarán ar CLG, mar dheireadh leis.

PEIL/CLUICHÍ GAELACHA/RUGBAÍ DE SHIÚL

Tionscadal nua é seo a tosaíodh ag deireadh na bliana 2014 i gcomhar leis an Roinn Shíciatrach in Ospidéal San Fionntán agus leis an Ionad Trióige, Port Laoise. Baintear úsáid as leagan oiriúnaithe de na cluichí do dhaoine ag a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe nó theoranta. Baineadh úsáid as an gclár chun cabhrú leis na rannpháirtithe éirí

gníomhach i dtimpeallacht shóisialta. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ag druidim le deireadh an chláir agus b'fhíordhearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe, ó altraí agus ó chúramóirí.

An Clár um Leanaí Óga Sacair

Tugadh an Clár um Leanaí Óga Sacair isteach chun gníomhaíocht sacair a chur ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní idir 3 bliana d'aois agus 6 bliana d'aois. Ó thús an chláir, tá sé taispeánta go méadaíonn sé an fhorbairt leanaí. Maireann an clár tréimhse 8 seachtaine agus ghlac 226 rannpháirtí páirt ann in 2014 i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire. Oibríonn an clár ar bhunscileanna sacair agus tá sé neamhiomaíoch. Chuaigh roinnt de na leanaí a ghlac páirt sa Chlár um Leanaí Óga Sacair roimhe seo ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gcláir pheile eile, lena n-áirítear Cluichí ar an bhFaiche, Scoileanna Sacair Samhraidh agus Deirfiúracha Sacair.

Sacar na mBan/na gCailíní

An Clár 'Deirfiúracha Sacair'

Cheap Aonad na mBan i gCumann Peile na hÉireann (FAI) an Clár Deirfiúracha Sacair chun deis a thabhairt do chailíní idir 7 mbliana d'aois agus 12 bhliain d'aois páirt a ghlacadh i sacar. Níl clubanna ag freastal ar roinnt mhaith cailíní i gContae Laoise faoi láthair. A bhuí le 'Deirfiúracha Sacair' agus leis an seisiún buailte isteach, tá níos mó cailíní ag fáil deise sacar a imirt. Tá sé ríthábhachtach naisc a chruthú le clubanna agus thug roinnt clubanna foirne isteach ó na cailíní a d'fhreastail ar an gclár. Reáchtáladh campa seachtaine 'Deirfiúracha Sacair' i mBaile Uí Laigheanáin i gcomhar le Club Sacair Naomh Áine agus in Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Ghlac 32 cailín páirt ann.

Peil do Chách

Tá Clár an FAI um Peil do Chách ar cheann de na cláir a sholáthraítear do dhaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta. Is iomaí deis do dhaoine páirt a ghlacadh ann, bíodh siad ar an mbunscoil, ina ndaoine fásta nó ag aois ar bith eatarthu sin. I gContae Laoise, oibríonn Oifigeach Forbartha de chuid an FAI le grúpaí éagsúla, lena n-áirítear an Líonra Foghlama Náisiúnta, Scoil Speisialta Naomh Proinsias, Rehab Care agus Teach na Darach. Chuaigh an Líonra Foghlama Náisiúnta ar aghaidh chun páirt a ghlacadh sna blitzchomórtais mhíosúla a reáchtálann an FAI sa Ghráig. Freastalaíonn foirne as Contae Laoise, as Contae Uíbh Fhailí, as Contae Cheatharlach, as Contae Chill Chainnigh agus as Contae Chill Dara orthu.

Sraithchomórtas Sráide Phort Laoise

Reáchtáladh na Sraithchomórtais Sráide thar 9 seachtaine ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa. D'imir foirne cluichí ar bhonn seachtainiúil sa sraithchomórtas agus reáchtáladh comórtas coirn lae. Ghlac an líon ab airde daoine fós páirt sa sraithchomórtas in 2014. Bhí 143 rannpháirtí ag glacadh páirt ann ar bhonn seachtainiúil. Bronnadh duaiseanna ar an bhfoireann a bhuaigh agus ar an bhfoireann a bhí sa dara háit agus déanfaidh na foirne sin ionadaíocht do Chontae Laoise i mBabhtaí Ceannais Sraithchomórtas Sráide Uile-Éireann i mí Aibreáin 2015. Tá Sraithchomórtas Sráide Phort Laoise ar cheann de na cláir is rathúla arna reáchtáil agus tá ionadaíocht déanta d'Éirinn ar an leibhéal Idirnáisiúnta ag peileadóirí ón sraithchomórtas.

OIDEACHAS CÓITSEÁLAITHE

Tháinig méadú in 2014 ar líon na gcóitseálaithe a ghlac páirt i gcúrsaí oideachais chóitseálaithe, lena n-áirítear líon mór cúrsaí cód eitice. Cuireadh cúrsaí i gcrích i roinnt clubanna agus i gColáiste Phort Laoise. Rinne 28 dalta de chuid an Choláiste cur i gcrích ar a theastas Kick Start 1 agus i gceardlann oideachais chóitseálaithe 4v4.

LEABHARLANNA

Comhlíonann an tSeirbhís Leabharlainne Poiblí ról riachtanach inár bpobail ach rochtain ar fhaisnéis, ar eolas, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire a chur ar fáil ar bhealach cuimsitheach. Soláthraítear í trí líonra a chuimsíonn 4 bhrainse lánaimseartha agus 6 bhrainse pháirtaimseartha. Leanann sí ar aghaidh ag cur spás sármhaith ar fáil do chodanna den phobal áitiúil agus tá níos mó i gceist lena tairiscint ná leabhair. Tá raon leathan seirbhísí ag na leabharlanna i ngach brainse. Áirítear leo sin seirbhísí Idirlín leathanbhanda ag rátaí an-réasúnta, saoráidí priontála, fótachóipeála agus scanacháin, WIFI saor in aisce do bhaill, closleabhair, DVDanna, ceol, acmhainní ar líne, nuachtáin laethúla agus irisí, imeachtaí saor in aisce agus clubanna. Tairgeann leabharlanna nua-aimseartha timpeallacht shaibhir chultúrtha agus oideachasúil ina gcuirtear spás agus rochtain ar fáil do na daoine sin ar mian leo a saol laethúil a shaibhriú.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Reáchtáil Leabharlanna Contae Laoise raon leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí i ngach Brainse ar fud 2014. Bhain leanaí agus daoine fásta taitneamh as an iomad imeacht agus gníomhaíocht ar eagraigh foireann na leabharlainne iad. An-ghnóthach agus iontach a bhí clár na bliana seo. I measc na n-imeachtaí bhí cuairteanna a thug údair, comórtais ealaíne, seoltaí agus taispeántais ealaíne, ceadail cheoil, clubanna leabhar, ranganna ríomhaireachta agus scéalaíocht.

Ar bhuaicphointí na bliana bhí Seachtain Leabharlann Éireann, Seachtain na hOidhreachta, an Oíche Chultúir agus an Fhéile Leabhar do Leanaí.

WIFI

Tá WIFI ar fáil sna leabharlanna i bPort Laoise, i Móinteach Mílic, i Maighean Rátha, i Mainistir Laoise, i gCúil an tSúdaire agus i Ráth Domhnaigh.

An Ciste Leabhar

B'ionann an Ciste Leabhar do 2014 agus €75,000.

Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh an Lúbra Mhiotasaigh

Arís eile, d'éirigh go geal leis an Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh. D'éirigh le breis agus 800 leanbh de gach aois an dúshlán a shárú. Léigh gach duine acu 6 leabhar le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Sheol Alan Nolan, údar Éireannach, an dúshlán agus reáchtáil sé sraith ceardlann. D'fhill sé i mí Dheireadh Fómhair chun a mbonn a bhronnadh ar na rannpháirtithe rathúla. Tionscnamh iontach a chuireann an litearthacht agus an léitheoireacht chun cinn tuilleadh i measc leanaí agus a spreagann daoine ar gach aois dul i mbun léitheoireachta is ea an Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh.

Stair/Staidéar Áitiúil

Tá an-leas á bhaint as an Rannóg Staidéir Áitiúil agus Cartlainne fós ag daoine ar fud an domhain trí cheisteanna ríomhphoist agus ag staraithe áitiúla agus ag baill den phobal. Le blianta beaga anuas, d'fheabhsaigh foireann na Leabharlainne an suíomh Gréasáin staire áitiúla ag www.askaboutireland.ie agus chuir sí leis. Folaíonn sí rogha mhór cártaí poist de Chontae Laoise e.g. sráid-dreacha aosta agus críoch-chomharthaí cáiliúla. Tá insint bhreise faoi ghnáthaimh áitiúla agus faoi bhéaloideas áitiúil ann freisin.

Rinneadh roinnt leabhair aithnidiúla ar an stair áitiúil a dhigitiú agus tá siad ar fáil ar líne anois. Is iad na leabhair sin: "Statistical Survey of the Queens County" le Coote, "The History of the Queens County" le O'Byrne agus "The Manor of Glenmore".

Imeachtaí Leabharlainne – Buaicphointí

Rinne gach ceann de na leabharlanna óstáil ar rogha iontach imeachtaí ar fud 2014.

Le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta, thug Irish History Live cuairt ar na leabharlanna i Maighean Rátha, i Ráth Domhnaigh, i gCúil an tSúdaire, i Mainistir Laoise agus i bPort Laoise. D'éist leanaí le Michael Moylan agus é ag insint scéalta faoin gCéad Chogadh Domhanda agus tharraing Neil Richardson, staraí agus an t-údar a chum "A Coward if I Return, a Hero if I Fall" aird daoine fásta lena sheimineár ar an gCéad Chogadh Domhanda sna leabharlanna i Mainistir Laoise, i bPort Laoise agus i Maighean Rátha.

Comóradh Seachtain na hEolaíochta i mbliana freisin agus cuireadh caint faoi Éire Chliste ar siúl i Leabharlann Phort Laoise agus reáchtáladh ceardlanna saotharlainne i Leabharlann Mhóinteach Mílic.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean Leabharlann Mhaighean Rátha ar aghaidh le himeachtaí agus le gníomhaíochtaí do leanaí, lena n-áirítear cuairteanna míosúla ranga agus taispeáintí leabhar mar aon le healaíona agus ceardaíocht do léitheoirí óga. Cuirtear an club Cniotála ar siúl gach maidin Aoine agus tá an-éileamh air. Reáchtáiltear clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí gach mí agus tá ag éirí go geal leis an gclub Ceamara a seoladh i mí na Samhna.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Tá Leabharlann Mhainistir Laoise ag leanúint ar aghaidh ag reáchtáil ranganna ealaíne seachtainiúla do leanaí agus imeachtaí míosúla. Tá an Dánlann ina láthair phríomha le haghaidh taispeántais ealaíne. Reáchtáladh 8 dtaispeántas le linn na bliana a raibh saothar Niav Reilly, Trudi Killeen agus Ciaran O'Brien ina ngné díobh. Arís eile, d'éirigh go geal leis an bhFéile Leabhar do Leanaí. Cuireadh cuairteanna ranga agus cuairteanna Údair ar siúl, lenar áiríodh Claire Hennessy agus Kieran Mark-Crowley. Tá an club fichille seachtainiúil do leanaí ag leanúint de bheith ag fás agus glacadh go mór le ranganna Spáinnise agus Gearmáinise freisin.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain ghnóthach imeachtaí ag Leabharlann Phort Laoise agus áiríodh leis na himeachtaí sin clubanna leabhar do dhaoine fásta agus ranganna cniotála gach mí, cuairteanna ranga a thugann scoileanna sa cheantar áitiúil agus sa cheantar máguaird gach seachtain agus Ciorcal Comhrá agus Ranganna Gaeilge agus comórtais gach seachtain. Chuir Niamh Boyce ranganna scríbhneoireachta cruthaithí ar siúl ar fud mhí na Bealtaine agus chuir Conor Brennan, ealaíontóir ón gceantar áitiúil, sraith ceardlanna líníochta ar siúl i mí Lúnasa. Reáchtáladh Oíche Ghaelach i mí an Mhárta. Chuimsigh an oíche rince Gaelach, amhránaíocht agus ceol agus d'fhreastail breis agus 100 duine uirthi. Reáchtáladh sraith rathúil eile cainteanna ar Oidhreacht Ailtireachta Laoise ar fud mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus tá an tóir orthu ag leanúint de bheith ag fás. Le linn na Féile Leabhar do Leanaí, cuireadh seisiúin scéalaíochta agus ceardlanna ceardaíochta ar siúl agus áiríodh Anna Carey, Kieran-Mark Crowley agus Claire Hennessy leis na húdair ar cuairt.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Bhí sceideal gnóthach imeachtaí ag Leabharlann Mhóinteach Mílic in 2014. Rath iontach atá sa leabharlann ó osclaíodh í agus is ní lárnach is díol spéise don phobal i Móinteach Mílic agus sa cheantar máguaird í anois. Reáchtáiltear cuairteanna seachtainiúla ranga, clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí, club cniotála, club scéalaíochta agus clubanna seachtainiúla cluichí inti. Áiríodh le buaicphointí na bliana: ceardlanna déanamh páipéir le Caroline Keane, an t-ealaíontóir, i mí na Bealtaine; taibhiú Carnation Theatre i mí Lúnasa; Léacht faoi Sylvia Plath a thug an Dr Arthur Broomfield i mí Mheán Fómhair; cuairteanna a thug údair le haghaidh na Féile Leabhar do Leanaí agus seisiúin cheardaíochta Nollag. Cuireadh an Dánlann in áirithe go hiomlán sa bhliain 2014. Rinne Joe Ryan, Gemma Lalor agus Caroline Conway, mar aon le grúpaí ealaíne áitiúla as Géisill agus as Móinteach Mílic, óstáil ar thaispeántais.

Ionad Faisnéise Dírí AE i Leabharlann Mhóinteach Mílic

Sa bhliain 2014, ainmníodh leabharlann Mhóinteach Mílic mar cheann amháin de na 8 nIonad Faisnéise Dírí AE (IFDE) sa Tír seo. Agus é Ionnaithe i láthair phoiblí na leabharlainne, tá an tIonad Faisnéise ina ionad ilfhreastail do dhaoine ar mian leo faisnéis a fháil faoin AE, amhail beartais, faisnéis nó cearta saoránach. Óstálann an t-ionad imeachtaí AE agus gníomhaíochtaí gaolmhara freisin. Sa bhliain 2014, tionóladh breis agus 30 ócáid, idir imeachtaí agus chainteanna, bunaithe ar an AE i leabharlann Mhóinteach Mílic, ócáidí a chuir an t-ionad agus an Eoraip a chur chun cinn. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh an Comórtas Ardáin Chainte áitiúil de chuid an Ionaid Faisnéisí Dírí AE ar siúl in Ionad Ealaíne Dhún Másc. Chuaigh Daniel Williams, buaiteoir an chomórtais, ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh do Mhóinteach Mílic sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta, agus an chéad áit á buachan aige.

Tionscadail Nua Leabharlainne

- Cheannaigh Comhairle Chontae Laoise Foirgneamh Shaws ar an tSráid Mhór, Port Laoise, le haghaidh Leabharlann nua. Tá iarratas mionsonraithe ar chistiú curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Fuair Leabharlann Chúil an tSúdaire cúnamh deontais i leith Fhoirgneamh an Tí Chúirte reatha a athchóiriú agus a uasghrádú. Cuireadh obair thógála ar tairiscint sa bhliain 2014 agus tá oibreacha sceidealta le tosú in 2015.

An Coiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil agus Forbairt agus an Comhshaol

Stiúrthóir Seirbhísí: Kieran Kehoe

Cathaoirleach: John Joe Fennelly, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Ray Cribbin, M.C.C.	Michael McEvoy
John Moran, M.C.C.	Sheelagh Coyle
Patrick Bowe, M.C.C.	Jason Redmond
Patrick Bracken, M.C.C.	Caroline Goucher
David Goodwin, M.C.C.	
Stephen Lynch, T.C.	

COMHSHAOL

Innealtóir Sinsearach: Henry Ritchie

Tionscnaimh Phobail

An tSeachtain um Laois a Ghlanadh

I gcomhthráth le Glantachán Náisiúnta Earraigh an Taisce, bhí "an tSeachtain um Laois a Ghlanadh" ar siúl ón 7 go dtí an 11 Aibreán 2014. Agus é ar bun le 11 bhliain anuas, d'éirigh leis an tionscnamh an athuair i mbliana. D'urraigh AES an leoraí bailiúcháin agus tiománaí an leoraí arís eile sa bhliain. Rinneadh piocairí bruscair, veisteanna ardinfheictheachta, málaí agus lámhainní a leithdháileadh i measc an iliomad grúpaí, scoileanna agus daoine aonair a bhí páirteach i nglantacháin ina gceantar féin. Bhí na hOifigigh um Fhorfheidhmiú Comhshaoil ar fáil chun cabhrú leis na glantacháin bheaga a bhailiú. Ar an iomlán, bailíodh 31.96 tonna de bhruscar mar gheall ar an tionscnamh.

Scéimeanna Deontais

Faoin Scéim Deontais Phobail 2014, bronnadh cistiú ar 78 grúpa i gcomhair tionscadal arb é ab aidhm dóibh an timpeallacht a fheabhsú agus feabhas a chur ar thaitneamhachtaí áitiúla. Soláthraíonn an Ciste Tionscadail Phobail cúnamh airgeadais do gach comhalta tofa chun gur féidir leo cabhrú le tionscadail fhiúntacha ina gceantar féin. Próiseáladh 33 iarratas sa bhliain 2014. Fuair 19 gCoiste Bailte Slachtmhara cistiú faoi thionscnamh na nDeontas Bailte Slachtmhara. I gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leithdháileadh 6 dheontas chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar leibhéal pobail faoi Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil an Chláir 21 Áitiúil. Díreoidh na tionscadail sin ar ghníomhaíochtaí oiliúna, oideachais agus feasachta, chomh maith le tionscadail gharraí scoile agus tionscadail bhithéagsúlachta.

Comórtas na mBailte Slachtmhara

Buaiteoirí foriomlána: An Chloch - Cónaidhm Bailte Slachtmhara Laoise

Tá Comhairle Chontae Laoise ag obair go gníomhach le Coistí Bailte Slachtmhara chun cabhrú le hinfheistiú ina bhfuil i ndán dúinn agus chun fás agus forbairt leanúnach a chinntiú. Tugadh cúnamh do ghrúpaí ar na bealaí seo a leanas: Deontais Bhailte Slachtmhara, an Scéim Shamhraidh um Araidí Rothaí, an tSeachtain um Laois a Ghlanadh agus Comórtas agus Dámhachtainí Chónaidhm Bailte Slachtmhara Laoise. San am i láthair, tá 32 coiste ann sa Chónaidhm. Is ócáid ghradamach é comórtas bliantúil na Cónaidhme anois toisc go dtugann sé deis do bhailte agus do shráidbhaile de chaighdeáin éagsúla dul san iomaíocht le chéile, rud nach mbeidís in ann a dhéanamh ar leibhéal Náisiúnta ar shlí eile. Ba iad baill foirne ón Rannóg Comhshaoil a rinne breithniú ar an gcomórtas, agus 23 Coiste páirteach ann sa bhliain 2014.

Leanann na marcanna a bhronntar ar leibhéal náisiúnta de bheith ag méadú gach bliain agus baineadh torthaí an-dearfach amach sa bhliain 2014. Bhí buaiteoirí ann i gcatagóirí an bhoinn airgid agus an bhoinn chré-umha agus baineadh Dámhachtain Díchill amach freisin. Tréaslaítear leis na Coistí, leis na daoine aonair agus leis na hoibrithe deonacha dícheallacha uile a ghlac páirt sa chomórtas. Déanann siad rannchuidiú an-luachmhar maidir leis an gContae a fheabhsú.

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Bhain pobail áitiúla ar fud Chontae Laoise leas uair amháin eile as crainn speicis dhúchasaigh saor in aisce ó Chomhairle Chontae Laoise mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann. Ghlac breis agus 60 grúpa páirt sa scéim – scoileanna, grúpaí Bailte Slachtmhara, grúpaí forbartha áitiúla agus cumainn chónaitheoirí ina measc. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar a thábhachtaí atá crainn dár bpobal ná ar an tionchar dearfach a imríonn siad ar thimpeallacht agus bhithéagsúlacht an Chontae. Déanann Comhairle Crann na hÉireann agus a hurraitheoirí do 2014 – SSE Airtricity agus Coillte – cur chun cinn ar an tábhacht a bhaineann le crainn a shaothrú agus a chosaint inár dtimpeallacht. Ba é "Fuaim na gCrann" téama Sheachtain Náisiúnta na gCrann i mbliana.

Bainistíocht Bruscair

Leanann an Rannóg Comhshaoil de bheith ag obair i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara amhail coistí áitiúla bailte slachtmhara, grúpaí deonacha, scoileanna agus an earnáil gnó inár bpobal chun fadhb an bhruscair a chomhrac. Cuirimid beolíne bruscair rúnda saor in aisce 1800 323230 chun cinn trí fhógraí agus trí earraí frithbhruscair a sholáthar agus spreagaimid do dhaoine den phobal a ról a imirt agus teagmhais bhruscair/dumpála neamhdhleathaí sa phobal a thuairisciú. Le linn na bliana 2014, eisíodh 172 fíneáil bruscair i leith cionta éagsúla. Seoladh 36 fíneáil gan íoc chuig ár bhfoireann dhlíthiúil chun imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh – rud as ar tháinig 27 ciontú rathúil sa chúirt.– Rinneadh 9 bhFógra eile Alt 9 a sheirbheáil ar úinéirí talún toisc gur theip orthu a dtalamh príobháideach a choinneáil glan agus saor ó bhruscar. Rinneadh roinnt litreacha rabhaidh i gcomhair feithiclí tréigthe agus comharthaí neamhúdaraithe a eisiúint ar fud na tíre le linn na bliana freisin. Chuir na Maoir Bhruscair an líon cuí suirbhéanna i gcrích de réir an Chórais Náisiúnta Mhonatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar, agus iad ag bailiú faisnéis thábhachtach faoi chomhdhéanamh, faoi scála agus faoi chineál an bhruscair. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun limistéir fhadhbacha a aithint go soiléir ag céim luath. Leantar ar aghaidh le baile Phort Laoise a mheasúnú de réir Chonradh Náisiúnta Frithbhruscair an IBAL. Cuireadh feabhas ar rátáil bhaile Phort Laoise agus, ag deireadh na bliana, bhí an baile rátáilte sa 26ú háit as 40 ceann de bhailte/chathracha a ndearnadh suirbhé orthu, agus é liostaithe mar "Glan de réir Noirm Eorpacha".

An Tascfhórsa um Bruscar Guma

Ghlac Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae Laoise páirt i gclár feasachta le haghaidh tascfhórsaí áitiúla um bruscar guma, rud a raibh feasacht agus forfheidhmiú i gceist leis agus ar ghabh suirbhéanna chun críocha monatóireachta leis.

Forfheidhmiú Dramhaíola

Tá an Rannóg um Fhorfheidhmiú Dramhaíola tiomanta do thimpeallacht ar ardchaighdeán a choinneáil agus a fheabhsú do mhuintir Chontae Laoise tríd an Reachtaíocht Dramhaíola agus trí Rialacháin Dramhaíola a fhorfheidhmiú. D'éirigh go maith leis an Rannóg i mbliana maidir le gearáin dramhaíola a réiteach agus maidir le ceanglais a Plean Cigireachta Comhshaoil a chomhlíonadh.

Tá sé mar thosaíocht ag an Rannóg athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna a bhfuil Cead Saoráid Dramhaíola acu agus ceadanna nua a eisiúint laistigh den tréimhse ama chuí. Ba é a bhí ar Chlár na gCeadanna Saoráide Dramhaíola in 2014 ná 30 suíomh ag a raibh Cead Saoráid Dramhaíola bailí/Deimhniú Clárúcháin bailí acu.

Oibríonn an Rannóg go dlúth lena comhghleacaithe sa Rannóg um Fhorfheidhmiú Pleanála chun cásanna lena mbaineann sárú ar an reachtaíocht a réiteach. Ar aon dul leis an ngrúpa réigiúnach um fhorfheidhmiú dramhaíola neamhúdaraithe, rud a cuireadh ar bun mar chuid den Líonra Forfheidhmithe, is féidir faisnéis faoi oibríochtaí de chuid bailitheoirí dramhaíola neamhdhleathacha agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha de chuid sealbhóirí ceadanna bailiúchán dramhaíola a mhalartú de réir mar is cuí.

Tugtar faoi chigireachtaí sceidealta gnáthaimh agus faoi chigireachtaí sceidealta neamhghnáthaimh araon. Mar chuid de Chigireachtaí Neamhghnáthaimh, féachtar ar gach gearán a bhaineann le dramhaíl, lena n-áirítear gearáin faoi ábhar a dhó. Déantar cigireachtaí ar Cheadanna Pleanála de réir mar a thagann siad chun cinn freisin. Fuair an Rannóg 76 gearán faoi dhramhaíl sa

bhliain 2014 agus déileáladh go rathúil le gach ceann acu. Éisteadh 5 chás sa Chúirt Dúiche faoi Alt 32 (1) de bharr neamh-chomhlíonadh Fhógraí Alt 55 sa bhliain 2014. Rinneadh cigireacht ar 61 Tarchur Pleanála agus cuireadh coinníollacha cuí ar aghaidh chuig an Rannóg Pleanála.

Tionscnaimh Feasachta Comhshaoil

Sna feachtais éagsúla feasachta comhshaoil ar tugadh fúthu in 2014, díríodh go sonrach ar inbhuanaitheacht agus ar an dea-chleachtas comhshaoil a chur chun cinn. Agus sinn ag obair le grúpaí éagsúla sa Chontae, cuireadh na tionscnaimh seo a leanas i gcrích go rathúil:

- Seimineáir 'Scoileanna Glasa' le múinteoirí agus ceardlanna scoile ar raon topaicí difriúla, lenar áiríodh bruscar agus dramhaíl, fuinneamh, caomhnú uisce, taisteal inbhuanaithe agus bithéagsúlacht.
- Tionscadal meán do mheánscoileanna agus d'ionaid ghairmoiliúna.
- I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bronnadh deontais Chlár 21 Áitiúil ar 17 bhfaighteoir, agus béim ar leith á cur ar bhithéagsúlacht, ar fhuinneamh agus ar bhainistíocht dramhaíola.
- Tríd an tionscnamh náisiúnta 'Deireadh a Chur le Cur Amú Bia', d'oibríomar le grúpa tuismitheoirí ó Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise. Ba é sin an chéad tionscnamh dá chineál sa tír ar fad.–
- Turas Staidéir ar an Dea-Chleachtas Bailte Slachtmhara– tionscadal nua eile a bhí ar siúl in 2014.
- Monatóireacht TCI a Dhéanamh ar Ionaid Fág Anseo: tionscadal chun díriú ar dhumpairí neamhdhleathacha.

Ba ag ár seastán faisnéise ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Ráithín an Uisce, Co. Laoise, freisin a díríodh go sonrach ar an tábhacht a bhaineann lenár dtimpeallacht a chosaint agus a chaomhnú. Le linn an ama a chaitheamar ag an imeacht sin, tháinig níos mó ná 1,500 duine cuairt ar ár seastán chun labhairt faoi mhúiríniú, faoi athchúrsáil agus faoinár gcláir nuálacha i scoileanna.

Gníomhaíocht Fuinnimh an Láir Tíre

Thug Comhairle Chontae Laoise faoi raon tionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lenar áiríodh:

- Rinneamar na LEDanna i 192 solas feadh Bhealaí Náisiúnta an N77 agus an N80 i bPort Laoise a iarfheistiú. Costas an tionscadail €147,000, agus 50% de sin ag teacht ó dheontas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi chlár na bPobal Fuinnimh Níos Fearr. Chuir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta cistiú meaitseála ar fáil. An choigilt bhliantúil fuinnimh = 73218 kWh; an choigilt bhliantúil costais = €12,212.
- Rinne Keltic Renewables teaschaidéal 6 kW Daikin a shuiteáil i Leabharlann Dharú, agus é á chur in áit coire olabhreoslaithe. Laghdaíodh an bille téimh faoi 50%, nó faoi €450, in aghaidh na bliana dá bharr sin. Costas caipitil = €7,300
- Ghlacamar páirt sa chlár "Cumhacht a Bharrfheabhsú san Ionad Oibre" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí in Áras an Chontae. Shuiteálamar méadair gháis agus leictreachais chun faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus chuireamar tús le clár feasachta fuinnimh don fhoireann.
- Ghlacamar páirt i gcomórtas leictreachais náisiúnta de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus an conradh nua á bhronnadh ar Airtricity i mí na Samhna 2014.
- Rinneadh iniúchadh Comhairle, Meantóireachta agus Measúnaithe ÚFIÉ ar Leabharlann Mhóinteach Mílic mar chuid de chlár comhpháirtíochta ÚFIÉ um Bainistíocht Fuinnimh.
- Laghdaíomar an uasacmhainn iompórtála do Leabharlann an tSráidbhaile – athraíodh an taraif chun coigiltí a bhaint amach.
- Thugamar saineolas teicniúil d'Údarás Réigiúnach an Láir Tíre do thionscadal STEP an AE. D'fhreastalaíomar ar ócáid Lá Oscailte STEP sa Bhruiséil, áit ar thug MEA cur i láthair dar teideal "Tacaí Airgeadais lena gcumasaítear réitigh theicniúla ar iarfheistiú Soilsithe Phoiblí".

PLEANÁIL

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Pleanálaí Sinsearach: Angela McEvoy

An Rannóg Pleanála

Is é cuspóir foriomlán na Rannóige Pleanála forálacha na nAchtanna um Pleanáil a chur chun feidhme agus bearta tacaíochta cuí a sholáthar chun folláine fhisiciúil, shóisialta agus gheilleagrach an chontae a chur chun cinn ar mhaithe le caighdeáin mhaireachtála a chosaint agus a ardú agus ar mhaithe le deiseanna oibre a chothú agus a chruthú, ag féachaint do phrionsabail na hinbhuanaitheachta.

Is féidir an Rannóg Pleanála a bhriseadh síos ina 5 réimse ar leith:
(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Foirgníochta
(v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

(i) Bainistíocht Forbartha

Fuarthas 448 iarratas pleanála san iomlán sa bhliain 2014. Mar sin féin, ba neamhbhailí a bhí 99 ceann de na hiarratais sin agus éilíodh ar an iarratasóir iarratas nua a chur isteach dá bharr sin. Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna lena raibh comhaid phleanála neamhbhailí: bhí an fógra poiblí as dáta nó níor tógadh é ar an láthair; chuaigh ceadanna roimhe as feidhm; fágadh ainm an ghníomhaire ar lár ó na léarscáileanna/líníochtaí; níor taispeánadh pointe an tuaiscirt ar na léarscáileanna; agus níor cuireadh achair in iúl ar phleananna an tsuímh.

Tugtar miondealú sa tábla seo a leanas ar na hiarratais phleanála bhailí a fuarthas agus ar na cinntí a rinneadh le linn 2014:

Líon na n-iarratas bailí a fuarthas: 349
Líon na gcinntí a rinneadh: 306
Líon na n-iarratas a deonaíodh: 284
Líon na n-iarratas a diúltaíodh: 22

Feidhmíocht in 2014

Iarratais neamhbhailí a filleadh ar ais ar an iarratasóir: 22%
Tarchuir chuig Oifigí Ceantair (laethanta oibre): 14
Rinneadh achomharc chuig an Bhoird Phleanála in aghaidh 8 n-iarratas in 2014.

Tionscnaimh Sheirbhíse do Chustaiméirí

Sa bhliain 2014, leanadh ar aghaidh le hiarratais phleanála a scanadh de réir mar a fuair an tÚdarás Pleanála iad. Le linn na bliana 2014, bhí an pobal in ann rochtain ar líne a fháil ar gach iarratas pleanála laistigh de dhá sheachtain ó iad a bheith faighte ag an Údarás Pleanála.

Tionóladh 311 cruinniú réamhphleanála, áit a raibh deis ag daoine den phobal ábhair phleanála a phlé le Pleanálaí roimh dóibh iarratas pleanála a chur isteach. D'fhreastail na Pleanálaithe ar an bpobal freisin trí roinnt cruinnithe réamhphleanála a thionól ar an láthair.

D'eisigh Comhairle Chontae Laoise 5 cinn de Dheimhniú Alt 34 sa bhliain 2014.

Leanann an-tóir le bheith ar shuíomh Gréasáin na Rannóige Pleanála agus bhí 70,300 cuairt ann ar an suíomh anuraidh.

(ii) Pleanáil Chun Cinn

Imríonn Pleanáil Chun Cinn ról ríthábhachtach maidir le forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta Chontae Laoise. Tugtar i bPlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2011 – 2017 an creat straitéiseach agus an comhthéacs beartais trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil a chinntí pleanála.

Déanfar cur i bhfeidhm príomhchuspóra sa Phlean Forbartha Contae 2011-2017 a chríochnú i ráithe 1/2 de 2015, is é sin:

- Straitéis Áineasa/Siúlóide don Chontae a ullmhú

Príomhchuspóir eile sa Phlean Forbartha Contae 2011-2017 atá ar bun agus a chuirfear ar aghaidh in 2015 is ea:

- Orduithe um Chosaint Crann

Cuirfear tús leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae reatha 2011-2017 i ráithe 4 de 2015.

Caomhantas

Sa bhliain 2014, próiseáladh 7 gcinn san iomlán de Dhearbhuithe Alt 57 i ndáil le hoibreacha ar Dhéanmhais Chosanta i láithreacha éagsúla.

Forbairt Chuid VIII

Deonaíodh cead Chuid 8 do na tionscadail seo a leanas le linn 2014:

- Saoráid leabharlainne Chúil an tSúdaire a uasghrádú ar an tSráid Mhór, Cúil an tSúdaire

Tréigean

Stádas Reatha agus Athbhreithniú

De dheasca an choir chun donais eacnamaíochta atá ann le blianta beaga anuas, is fadhb a bhfuil Comhairle Chontae Laoise ag dul i ngleic go gníomhach léi anois iad Láithreáin Thréigthe. Sainaithníodh líon suntasach Láithreán Tréigthe in 2014 agus tá siad á bpróiseáil faoi láthair de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990. Go háirithe, leanadh ar aghaidh le hobair in 2014 chun fadhbanna tréigin a réiteach i gCúirt Hepburn, Bóthar an Bhaile Fhinn, Port Laoise, agus Sráid an tSéipéil, Baile na Coille.

Líon Iomlán na gComhad a osclaíodh do 2014: 26

Líon Iomlán na gComhad a dúnadh mar gheall gur réitíodh an Tréigean: 20

Líon Iomlán na gComhad: 121

(iii) Forfheidhmiú Pleanála

De réir cheanglais reachtúla na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2013 arna leasú, féachann an tÚdarás Pleanála le comhlíonadh ceadanna pleanála a áirithiú agus le forbairt neamhúdaraithe a chosc freisin.

Lean an fhoireann Forfheidhmithe de bheith ag obair in 2014 chun a chinntiú go ndéanfaí imscrúdú ar aon sárú ar an dlí pleanála agus go ndéanfaí beart leantach ina leith. D'fhreastail Foireann na Comhairle ar an gcúirt 26 uair i dtaca le hionchúisimh forfheidhmithe. Cé go bhfuil roinnt cásanna fós ar siúl, réitíodh 12 chás go rathúil le linn 2014.

Sheirbheáil an tÚdarás Pleanála 29 fógra forfheidhmithe agus 71 litir rabhaidh agus rinne sé imscrúdú ar 101 gearán, rud a léiríonn an dóigh ghníomhach a dtéann an Rannóg Forfheidhmithe i ngleic le neamh-chomhlíonadh agus le forbairt neamhúdaraithe.

Imeachtaí Allamuigh a Cheadúnú

Tá imeacht allamuigh sainmhínithe mar thaibhiú poiblí atá ar siúl go hiomlán nó go formhór amuigh faoin aer nó i ndéanmhas nach bhfuil díon air nó a bhfuil díon páirteach, sealadach nó inardaithe air, i bpuball nó i ndéanmhas sealadach dá shamhail agus ab éard atá ann ceol, rince, taispeántais siamsaíochta poiblí nó aon ghníomhaíocht dá samhail. Ceanglaítear ar eagraithe imeachtaí den sórt sin ceadúnas a fháil ón Údarás Pleanála i gcásanna ina mbeidh 5,000 duine nó níos mó i láthair ag an imeacht.

Imeacht allamuigh den sórt sin is ea "an Phicnic Leictreach", rud atá ar siúl ar an Sráidbhaile gach bliain ó 2004 i leith.

(iv) Rialú Foirgníochta

Déileálann an Rannóg Rialú Foirgníochta le gach fógra tosach feidhme a fhaightear agus tugann sí faoi chigireachtaí ar na foirgnimh chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na Rialacháin éagsúla um Rialú Foirgníochta.

Líon na bhfógraí tosach feidhme bailí a fuarthas: 122 Líon na bhfógraí tosach feidhme i leith Athrú Úsáide/Athruithe/Athchóirithe etc.: 15
Líon na bhFógraí Foirgnimh Thalmhaíochta: 6
Líon na bhfoirgneamh atá cumhdaithe le fógraí tosach feidhme bailí: 114
Líon na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu: 18
Líon na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de líon na bhfoirgneamh atá cumhdaithe le fógraí tosach feidhme bailí: 16%

(v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Laoise as eastáit a ghlacadh faoina cúram. San am atá thart, tharla sé sin i gcásanna ina bhfuair sí iarraidh ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe laistigh den eastát déanamh amhlaidh. Le blianta beaga anuas, áfach, tá idirghabháil déanta ag Comhairle Chontae Laoise i gcásanna inar theip ar an bhforbróir an t-eastát a chríochnú. Is ón mbanna a cistíodh obair den sórt sin i bhformhór na gcásanna. Sa bhliain 2014, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cistiú ar fáil faoi Chiste Réitigh Speisialta ar mhaithe le hobair a chríochnú i roinnt eastát. Fuair Comhairle Chontae Laoise cistiú €368,259 chun oibreacha a dhéanamh ar na heastáit seo a leanas:

1. Corrig Glen, Cúil an tSúdaire
2. Rahin Towers, Baile Uí Laigheanáin
3. Clúinin, Maighean Rátha
4. Gairdíní an Choillín, Maigh Géine
5. Aughnaharna Court, Port Laoise

Déanann an Rannóg Pleanála iarracht idirchaidreamh a dhéanamh le cónaitheoirí eastát neamhchríochnaithe chun iad a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi dhul chun cinn a n-eastát.

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun feasacht agus tuiscint a chothú ar oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise. Le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta, déantar an méid sin trí na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Oidhreachta Laoise a sholáthar.

Plean Oidhreachta Laoise 2014 - 2019

Glacadh an tríú Plean Oidhreachta do Laois i mí Eanáir 2014 agus tosaíodh a chur chun feidhme in 2014. Tar éis comhairliúchán poiblí i bhFómhar na bliana 2014, críochnaíodh an t-athbhreithniú ar bhallraíocht Fhóram Oidhreachta Laoise. Is ionann an Plean Oidhreachta agus plean comhpháirtíochta arna scríobh agus arna chur chun feidhme ag an bhFóram Oidhreachta, ar grúpa é a dhéanann ionadaíocht do na grúpaí uile a bhfuil spéis acu in oidhreacht Laoise.

Is é atá sa phlean reatha 50 beart a chuirfear chun feidhme thar na blianta atá romhainn, agus iad ag teacht faoi chúig réimse príomhchuspóra:

- Tuiscint a mhéadú ar oidhreacht Laoise
- Oidhreacht Laoise a Thaifeadadh
- Caomhnú gníomhach oidhreacht Laoise a chosaint agus a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn
- An taitneamh a bhaintear as oidhreacht agus a inrochtana atá sí a chur chun cinn

Tionscadail faoin bPlean Oidhreachta 2014-2019 a soláthraíodh sa bhliain 2014.

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Phlean Oidhreachta Laoise le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, ó Chomhpháirtíocht Laoise agus ó dhaoine eile le linn 2014.

1. Tuiscint a mhéadú ar oidhreacht Laoise

Sa bhliain 2014, d'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta le roinnt daoine aonair éagsúla, le roinnt grúpaí pobail éagsúla agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscadail oidhreachta a phleanáil agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le teacht ar chúnamh deontais agus ar thacaíocht tionscadail. D'fhonn scaipeadh forleathan faisnéise oidhreachta a chinntiú, cuireadh gach tuarascáil agus gach foilseachán a táirgeadh le linn na bliana le rannán staidéir áitiúil Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh iad ar fáil lena n-íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Chomhairle Chontae Laoise.

Imeachtaí

Áirítear iad seo a leanas leis na himeachtaí a eagraíodh le linn 2014 chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna oidhreachta:

- Rinneadh clár seachtaine ina raibh níos mó ná 60 imeacht - imeachtaí teaghlaigh, siúlóidí faoi threoir, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi ina measc - a eagrú le haghaidh Sheachtain náisiúnta na hOidhreachta i mí Lúnasa;

- Chabhraigh an Oifig Oidhreachta leis an Tionscadal Oidhreachta do Scoileanna de chuid Chumann Oidhreachta Laoise a fhorbairt, rud ar chomórtas do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna a eagraíodh i gcomhar le hIonad Oideachais Laoise é;

- Bhí baint ag an Oifigeach Oidhreachta le Marquee Laoise a eagrú don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus bhí sé i láthair ag an ócáid. Rinneadh ceardlanna saor in aisce ar raon téamaí éagsúla – fiadhúlra, an eolaíocht, an ailtireacht, an tseandálaíocht, ceol agus ealaín ina measc – a chur ar fáil don phobal le linn na trí lá agus d'éirigh go geal leo.

- D'éirigh go han-mhaith le Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna, agus raon imeachtaí agus cainteanna poiblí ar siúl lena linn. Reáchtáladh ceardlanna scoileanna i Leabharlann Mhóinteach Mílic agus i Leabharlann Mhaighean Rátha le cúnamh ón tionscnamh um an Eolaíocht agus an Innealtóireacht a Aimsiú. Ghlac bunscoileanna ó gach baile páirt i gceardlanna aireagáin agus i róbónna Lego a thógáil agus baineadh an-taitneamh as an bhfoghlaim dá bharr sin.

- Chuir an tOifigeach Oidhreachta le tionscadal de chuid Chomhpháirtíocht Laoise a fhorbairt agus a sheoladh, agus é mar aidhm leis Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla a sholáthar do sheacht bpobal ar fud Laoise, agus cúnamh á fháil ón Dr Fiona MacGowan, éiceolaí atá lonnaithe i mBaile Átha an Róine.

- Tugadh tacaíocht do raon grúpaí éagsúla le haghaidh imeachtaí oidhreachta, e.g. Craobh Laoise de Chairde Éanlaith Éireann, Craobh Laoise/Uíbh Fhailí d'Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, Portach Mhainistir Laoise, Cumann Oidhreachta Laoise, etc.

- Bhí Scoil James Fintan Lalor ar siúl an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair 2014 in Ionad Ealaíon Dhún Másc i bPort Laoise agus d'éirigh go geal léi. Bhí freastal iomlán san ionad an dá linn sin agus bhain an pobal mór, na meáin agus na cainteoirí agus gach duine a bhí páirteach an-sult as gach gné den imeacht.

Leabhar ar Dhún Másc

Tá leabhar ar oidhreacht Dhún Másc á scríobh faoi láthair lena fhoilsiú in 2016. Is é sin an chéad chéim de thionscadal trí bliana. Soláthraíodh an téacs agus líníochtaí atógála cheana féin. Déanfar tuilleadh taighde agus glacfar tuilleadh grianghraf in 2015.

Treoir maidir le hAiltireacht Laighean Láir

I gcás leabhar ar ailtireacht Laoise, Uíbh Fhailí agus Chill Dara atá i sraith ghradamach "Pevsner Guide", arna foilsiú ag Yale University Press, tá gné Laoise den tionscadal thart agus soláthraíodh na grianghraif agus na léarscáileanna uile de réir sceidil agus laistigh den bhuiséad. Tá obair ar siúl faoi láthair chun suirbhé a dhéanamh ar Chill Dara. Foilseofar an t-imleabhar "Foirgnimh Laighean Láir" in 2016.

2. Oidhreacht Laoise a Thaifeadadh

Is gá faisnéis faoi oidhreacht Laoise a bhailiú agus a chur i láthair ar dtús sular féidir an oidhreacht sin a chaomhnú agus aird a tharraingt uirthi. Tugadh faoi na tionscadail oidhreachta seo a leanas le linn 2014:

Iniúchadh ar Chaisleáin Laoise

Tar éis scartáil Chaisleán Chúil Bheannchair mar gheall ar an damáiste a rinneadh dó le linn Stoirm Darwin i mí Eanáir 2014, rinne Oifig Oidhreachta Laoise iniúchadh ar na 29 Túrtheach eile atá fágtha i Laois chun a láthair, a n-úinéirí agus a stádas reatha a thaifeadadh. Cabhróidh an tionscadal sin le pleananna bainistíochta a fhorbairt amach anseo do na suíomhanna sin i gcomhar lena n-úinéirí.

3. Caomhnú gníomhach oidhreacht Laoise a chosaint agus a chur chun cinn

Teach Oibre Dhomhnach Mór

Críochnaíodh Caomhnú an Halla Bia i dTeach Oibre Dhomhnach Mór agus osclaíodh an foirgneamh go foirmiúil i mí Iúil 2014. Ba í Comhpháirtíocht Laoise a chistigh an tionscadal. Tá plean do shuíomh iomlán Theach Oibre Dhomhnach Mór ag teastáil anois.

Teach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí

Fuarthas cistiú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun roinnt obair caomhnaithe a dhéanamh ar Theach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí. Dhírigh sé sin ar an obair chloiche a ghlanadh ach teicníc caomhnaithe a úsáid agus ar ráillí agus ar earraí báistí a dheisiú. Táthar ag súil go mbeifear in ann tuilleadh mionoibreacha a dhéanamh in 2015 chun feabhas a chur ar chuma an fhoirgnimh shuntasaigh sin.

4. Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn

Cloigtheach Thigh Mochua

Le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta, choimisiúnaigh an pobal i dTigh Mochua Tuarascáil Caomhnaithe don suíomh. Is iad Margaret Quinlan agus a foireann a chuir an tuarascáil le chéile agus úsáidfear í chun bainistíocht amach anseo an tsuímh stairiúil thábhachtaigh sin a threorú.

Caisleán Lé

Choimisiúnaigh an Pobal i gCúil an tSúdaire Tuarascáil Caomhnaithe ar Chaisleán Lé, agus cistiú á fháil aige ón gComhairle Oidhreachta freisin. Tá an tuarascáil réidh anois agus foilseofar in Earrach na bliana 2015 í. Tá an tionscadal fós ar siúl i gcomhpháirt le húinéir na talún.

Portach Mhainistir Laoise

Le cistiú ón gComhairle Oidhreachta, coimisiúnaíodh plean bainistíochta caomhnaithe don suíomh in 2014. Suíonn an tOifigeach Oidhreachta ar Ghrúpa Comhairleach Teicniúil don tionscadal bainistíochta seo atá faoi threoir an phobail.

Mar aon leis na mórthionscadail atá luaite, tugadh cúnamh do raon grúpaí freisin le haghaidh tionscadail chaomhnaithe phraiticiúla, agus iad ag baint le suirbhéanna fiadhúlra agus le bainistíocht reilige, i measc nithe eile.

5. An taitneamh a bhaintear as oidhreacht agus a inrochtana atá sí a chur chun cinn

Clostreoir maidir le Suíomhanna Oidhreachta i Laois

Tá freagairt an-dearfach ann do chlostreoracha agus do dhlúthdhioscaí Scéal Laoise arna gcruthú i gcomhpháirt le Turasóireacht Laoise agus arna gcistiú ag Comhpháirtíocht Laoise. I measc na dtreoracha atá ar fáil, tá Dún Másc, Mainistreacha Laoise, Cosán Oidhreachta Laoise agus treoracha do bhailte stairiúla Phort Laoise, Chúil an tSúdaire agus Mhainistir Laoise. Is féidir na treoracha a íoslódáil saor in aisce ag www.abartaaudioguides.ie

Straitéis Cumarsáide Oidhreacht Laoise

Glacadh Straitéis Cumarsáide Oidhreacht Laoise i mí na Nollag 2014. Treorófar léi ár gcuid oibre amach anseo chun feasacht a chothú ar oidhreacht Laoise agus ar an tábhacht a bhaineann léi.

FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Leanann Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh le forbairt gheilleagrach Chontae Laoise a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Bíonn na gníomhartha a dhéantar chun tacú le forbairt gheilleagrach an Chontae ag teacht le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2011-2017.

Cuireadh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ar bun in 2014. Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste sin cáipéisí beartais áitiúil a bhaineann le saincheisteanna pobail, sóisialta agus eacnamaíocha a cheapadh agus tacú le tionscadail shonracha trí chláir chistiúcháin. Tá Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail á ullmhú faoi láthair, áit a leagfar amach na cuspóirí agus na gníomhartha a bheidh riachtanach chun tacú le forbairt gheilleagrach agus le forbairt áitiúil agus phobail araon laistigh de Chontae Laoise thar thréimhse 6 bliana. Beidh an Plean réidh faoin 31 Nollaig 2015.

Ina theannta sin, rinneadh Údarás Réigiúnach an Láir Tíre agus Údarás Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chumasc le chéile chun Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre a chruthú le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Cuirfidh an eagraíocht nua Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta le chéile. Léiríonn na hathruithe sin an ról níos lárnaí a bhíonn á ghlacadh ag údaráis áitiúla i leith forbairt gheilleagrach.

Thug Comhairle Chontae Laoise Scéim Dhreasachta Gnó Phort Laoise isteach an 31 Deireadh Fómhair 2014 chun úsáid áitreabh tráchtála folamh a spreagadh laistigh de limistéar sainithe i bPort Laoise. Cabhróidh an scéim dhreasachta le gnólachtaí tráchtála nua iad féin a lonnú i limistéar na Sráide Móire i bPort Laoise, áit ar croí miondíola, tráchtála agus sóisialta an bhaile go traidisiúnta é, agus tabharfaidh sí spreagadh do ghnólachtaí úsáid a bhaint as áitribh thráchtála fholmha. Is é aidhm na scéime dreasacht deontais a thabhairt do ghnólachtaí nua iad féin a lonnú in áitribh atá folamh le níos mó ná sé mhí agus éagsúlacht ó thaobh deiseanna miondíola de a spreagadh laistigh de limistéar sainithe. Is féidir leis an deontas soláthar a dhéanamh ar an gcúnamh airgeadais a theastaíonn chun gnólachtaí nua a mhealladh a gcuid gnó a bhunú i limistéir ina bhfuil roinnt aonaid siopa fholmha. Beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse thrialach 2 bhliain. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú uirthi ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá 4 fhoghrúpa i bhfeidhm, agus é de dhualgas orthu freastal ar athghiniúint gheilleagrach na Sráide Móire i bPort Laoise. Díríonn na foghrúpaí ar na nithe seo a leanas: margaíocht agus cur chun cinn, cúnamh airgeadais, trácht agus an comhshaol.

Oifig Fiontar Áitiúil

I mí na Bealtaine 2013, rinne Fiontraíocht Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla comhaontú seirbhíse a shíniú i leith Boird Fiontar Contae a chomhtháthú leis na hÚdaráis Áitiúla. Cuireadh Oifig Fiontar Áitiúil Laoise ar bun ina dhiaidh sin an 14 Aibreán 2014 tar éis dhíscaoileadh an iar-Bhoird Fiontar Contae.

Is í an Oifig Fiontar Áitiúil 'an t-ionad ilfhreastail' do gach taca Rialtais do dhuine ar bith atá ag iarraidh gnólacht a thosú nó a leathnú agus poist a chruthú laistigh den Chontae. Déanann an Oifig na nithe seo a leanas:

- Tacaí díreacha airgeadais a sholáthar do mhicreaghnólachtaí
- Comhairle a chur maidir le raon roghanna eile cistiúcháin
- Faisnéis ghnó, seirbhísí comhairleacha agus tacaí fiontar a thairiscint
- Oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar riachtanais fiontar beag agus meánmhéide
- Saineolaithe cleachta a chur ar fáil chun meantóireacht a dhéanamh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide
- Fiontair bheaga agus mheánmhéide a threorú chuig na seirbhísí is ábhartha chun tacú lena bhfás agus lena bhforbairt
- Fiontair bheaga agus mheánmhéide a nascadh le hacmhainní cuí ón Stát
- Fiontair bheaga agus mheánmhéide a nascadh le Fiontraíocht Éireann
- Mórócáidí fiontar a eagrú
- Líonrú gnó a éascú

Súil Siar ar 2014:

- Ceadaíodh cúnamh deontais €237,125, agus acmhainn aige 21 post lánaimseartha a chruthú agus 11 cheann eile a chothú
- Rinneadh 40 Athbhreithniú Gnó Bliantúil ar Chliaint de chuid na hOifige Fiontar Áitiúil
- Cuireadh 51 cúrsa oiliúna ar fáil, agus 425 duine páirteach iontu
- Fuair 45 cliant gnó meantóireacht duine le duine
- Rinneadh 30 clinic duine le duine (na Meáin Shóisialta, Pleanáil Ghnó, Airgeadas, Margaíocht) a reáchtáil le 166 cliant
- D'fhreastail 21 bhan-fhiontraí ar oiliúint
- Cuireadh an Líonra um Mná Laoise i mBun Gnó ar bun, agus 50 bean ina mball ann
- Fuarthas 30 Iarratas faoin gComórtas 'Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann'
- Triúr Buaiteoirí ón gContae: An Smaoineamh Nua is Fearr – Mary Rose Simpson, My Ladybug; an Gnólacht Nuathionscanta is Fearr – David Finn, The Parlour (Port Laoise); an Gnólacht Bunaithe is Fearr – Heidi Higgins, Heidi Higgins Design, Port Laoise; Fiontraí Óg is Fearr Laoise – David Finn, The Parlour. Rinne an triúr buaiteoirí ón gcontae ionadaíocht do Laois ag na Babhtaí Ceannais Réigiúnacha i mí na Samhna.

- Ceadaíodh Deontais Tacaíochta Forbartha Gnó arbh fhiú €19,559 san iomlán iad – 9 nDeontas Cóirthrádála, 4 Dheontas Forbartha Suímh Ghréasáin, 2 Dheontas Margaíochta, 1 Dheontas Oiliúna Teicniúla.–
- Fuarthas 2 Iarratas Micrea-Airgeadais agus próiseáladh an dá cheann acu. Ceadaíodh an dá iarratas agus sannadh beirt mheantóirí Mhicrea-Airgeadas Éireann.
- Fuarthas 8 n-iarratas faoin gClár Dearbhán Trádála ar Líne. Ceadaíodh 4 cinn de na hiarratais agus tionóladh imeacht faisnéise amháin ina leith.
- Ghlac 8 Meánscoil páirt i gClár Dámhachtainí Fiontar na nDaltaí, agus níos mó ná 250 dalta páirteach ann
- Ghlac 33 Bunscoil páirt sa Chlár Ceardlainne um Fhiontar a Chur Chun Cinn, agus níos mó ná 400 dalta páirteach ann
- Leithdháileamar ár nuachtlitir ar 2,500 duine inár mbunachar sonraí.
- Reáchtálamar taispeántas ar feadh 3 lá ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Reáchtálamar taispeántas ag Seachtain Fiontar Ráth Domhnaigh
- Rinneamar idirchaidreamh le Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise/le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach/le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
- Ionad Oideachais Chúil an tSúdaire – soláthraíodh 8 gcúrsa do 80 dalta

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

An tSeachtain Feasachta ar Shábháilteacht Uisce 2014

I gcomhar le Coiste Sábháilteachta Uisce Limistéar Laoise, sholáthair Comhairle Chontae Laoise roinnt imeachtaí tábhachtacha le linn na Seachtaine Feasachta ar Shábháilteacht Uisce i mí na Bealtaine 2014. Tugadh cuairteanna ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail, agus cainteanna bunúsacha ar fheasacht ar shábháilteacht uisce agus taispeáintí baoithe tarrthála á soláthar lena linn. Ghlac Sábháilteacht Uisce Laoise páirt in ócáid chun 40 bliain snámha a cheiliúradh i gCúil an tSúdaire. Bhí Aonad Faisnéise Soghluaiste Shábháilteacht Uisce na hÉireann i láthair ag an ócáid freisin. Rinne Sábháilteacht Uisce Laoise Buanchorn Arthur Drennan le haghaidh scileanna garda tarrthála a bhronnadh ar fhoireann gardaí tarrthála ó Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire.

RANGANNA SÁBHÁILTEACHTA UISCE AGUS SEACHTAIN AN tSNÁMHA 2014

D'éirigh le Sábháilteacht Uisce Laoise Ranganna Sábháilteachta Uisce a chur ar fáil in Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire le linn Earrach agus Fhómhar na bliana 2014. Fuair 180 rannpháirtí, idir dhaoine fásta agus leanaí, Dheimhniú Shábháilteacht Uisce na hÉireann le linn na bliana. Rinneadh clár seachtaine Snámha a sholáthar go rathúil i Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille, agus 25 leanbh ag freastal air i mí Lúnasa 2014.

An Clár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS)

I gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise agus le hIonad Fóillíochta Phort Laoise, lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Chlár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS) agus le é a sholáthar do 50 bunscoil.

Baoithe Tarrthála

Le linn na bliana 2014, lean Comhairle Chontae Laoise le baoithe tarrthála a chothabháil agus a imscrúdú ag láithreacha uisce oscailte ar fud an chontae. Cailleadh líon suntasacha baoithe tarrthála mar gheall ar stoirmeacha i mí Eanáir 2014 ach athsholáthraíodh iad ina dhiaidh sin. Suiteáladh baoithe tarrthála breise in dhá láthair i Ráth Domhnaigh ar iarraidh ón bpobal áitiúil.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

D'oibrigh baill agus teagascóirí de chuid Choiste Ceantair Shábháilteacht Uisce Laoise Seastán Sábháilteachta Uisce Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta thar na 3 lá. Thug an líon ba mhó riamh cuairt ar an seastán agus iad ag amharc ar thaispeántais bhunúsacha tacaíochta beatha.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Príomh-Oifigeach Dóiteáin Gníomhach: **Declan Power**

Lean an tSeirbhís Dóiteáin ar aghaidh le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: Cosc Dóiteáin, Oibríochtaí Briogáid Dóiteáin, Feasacht an Phobail ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Pleanáil Móréigeandála.

D'fhonn caighdeáin trealaimh a mhéadú, leanadh ar aghaidh leis an gclár um threalamh a athsholáthar agus a uasghrádú in 2014. Rinneadh ár stoc de chúr comhrac dóiteáin a athnuachan. Soláthraíodh na nithe seo a leanas freisin: tacair nua ghaireas análaithe agus sorcóirí nua gaireas análaithe, trealamh bainistíochta tráchta, saintrealamh d'imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus saintrealamh tarrthála, ceamara íomhánna teirmeacha,

brathadóirí gáis, málaí ardaithe ardbhrú, comharthaí rabhaidh imbhuailte suite ar fheithiclí agus trealamh cumarsáide talamh dóiteáin.

Cuireadh clár fairsing oiliúna ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin i seirbhís, agus breis agus 400 daonlá i gceist leo.

D'fhonn Sábháilteacht, Sláinte agus Leas a fheabhsú do chriúnna dóiteáin, leanadh ar aghaidh leis an gClár um Threoirlínte Caighdeánacha Oibriúcháin in 2014. Ina theannta sin, cheadaigh an Lucht Ardbhainistíochta an clár Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa agus athbhreithníodh go rialta é.

Fuarthas 39 iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteáin agus fuarthas 102 iarratas ar cheadúnas. Tarchuireadh 68 iarratas pleanála chuig an tSeirbhís Dóiteáin le linn na bliana freisin. Rinneadh cigireacht ar 179 áitreabh. Is fós i bhfeidhm atá 3 fhógra dúnta a seirbheáladh in 2013 ar áitribh ina bhfuil fadhbanna tromchúiseacha sábháilteachta ó dhóiteán toisc nár cuireadh oibreacha feabhais i gcrích chun sástacht an Údaráis Dóiteáin go fóill.

Ar mhaithe le sábháilteacht gach duine lena mbaineann a áirithiú, chuathas i mbun pleanáil fhairsing agus idirchaidreamh fairsing le heagraithe an dá mhórimeacht allamuigh sa Chontae le linn 2014 – Féile Ceoil na Picnice Leictrí ar an Sráidbhaile (thart ar 41,000 duine i láthair) agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce (thart ar 230,000 duine i láthair). Cuireadh clár fairsing cigireachtaí i bhfeidhm don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce – bhí níos mó ná 1300 taispeántóir i láthair agus fuair siad go léir cigireachtaí roimh an imeacht agus lena linn.

Áiríodh ar an gclár don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin láithreoireachtaí ar shábháilteacht dóiteáin a tugadh don phobal i stáisiúin dóiteáin agus ar fhreastail daoine agus grúpaí ó na pobail áitiúla orthu, fógraíocht i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin áitiúla raidió, fógraíocht ar shuíomhanna na meán sóisialta, ar nós facebook agus twitter, agus i mbileoga. Soláthraíodh seicliostaí sábháilteacht dóiteáin do thithe freisin.

Rinne comhraiceoirí dóiteáin i seirbhís ó gach ceann de na 8 stáisiún dóiteáin an Clár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna a sholáthar do níos mó ná 2000 dalta i rang a trí i 66 bunscoil ar fud an Chontae.

Rinneadh an Plean Móréigeandála a choinneáil ar bun agus a nuashonrú le linn na bliana. Cuireadh oiliúint ar fhoireann na Comhairle sna réimsí seo a leanas: Bainistíocht Faisnéise (cúrsa tosaigh agus cúrsa athnuachana); Comhordú ar an Láthair; agus Idirchaidreamh leis na Meáin.

Cosaint Shibhialta Laoise

Eagraíocht atá bunaithe ar oibrithe deonacha is ea Cosaint Shibhialta Laoise. Tá bród ar a cuid ball as a bheith ag fónamh mar sheirbhís chúltaca den scoth, agus iad ag tacú leis na príomhsheirbhísí éigeandála agus leis an bpobal áitiúil.

Tá roinnt scileanna éagsúla ag na hoibrithe deonacha. Is iad seo a leanas na príomhchláir ghníomhaíochta a dtugann an eagraíocht fúthu:

Garchabhair

Seirbhís garchabhrach agus otharcharranna a sholáthar.

Scileanna Tarrthála

Tarrtháil uirbeach agus cuardach tíre oscailte ar dhaoine atá ar iarraidh. Is ag Laois atá an t-aon mhadra cuardaigh agus tarrthála k9 le haghaidh brath iarsmaí daonna agus an t-aon seirbhís chuardaigh agus téarnaimh uiscebhunaithe sa tír.

Comhrac Dóiteáin

Uiscí tuile a chaidéalú agus uisce a sholáthar don phobal.

Seirbhís Maorachta agus Monatóireacht ar Radaíocht

Radaíocht a bhrath agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

Scileanna Leasa

Béilí agus deochanna teo a sholáthar.

Cumarsáid Raidió

Dhá chóras raidió neamhspleácha a oibriú - U.H.F., V.H.F., Raidió Banda Mhuirí agus Tetra. Feidhmítear na córais sin ónár nAonad speisialaithe um Thacaíocht Oibriúcháin.

Freagairt Éigeandála

Tá ionaid oiliúna lonnaithe ar an Sráidbhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Más rud é go bhfuil spéis agat ina bhfuil thuas agus go bhfuil tú idir 18 agus 65 bliain d'aois, cuir glao orainn ar (057) 8664106, seol ríomhphost chuig lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag **www.laoiscivildefence.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil

An Coiste Beartais Straitéisigh um Iompar agus Seirbhísí Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Kieran Kehoe

Cathaoirleach: Kathleen O'Brien, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Brendan Phelan, M.C.C.	Francis Gorman
Ben Brennan, M.C.C.	Pat Culleton
Jeremiah Lodge, M.C.C.	Noreen Byrne
Kathleen O'Brien, M.C.C.	Brendan O'Brien
Séamus McDonald, M.C.C.	
Matthew Keegan, T.C.	

BÓITHRE

Innealtóir Sinsearach, Bóithre: Henry Ritchie

Leithdháiltí Deontais Bhóthair in 2014

Sa bhliain 2014, fuair an Rannóg Bóithre cistiú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ón Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ó chistí Chomhairle Chontae Laoise féin chun tionscadail chothabhála agus chaipitil a chur ar aghaidh ar fud an chontae.

Ba tríd an Údarás um Bóithre Náisiúnta a sholáthair an Roinn Iompair cistiú do na scéimeanna seo a leanas faoin gClár Infheistíochta Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla:

Scéimeanna Feabhsúcháin Shonraigh

Fuair Comhairle Chontae Laoise cistiú Deontais Feabhsúcháin Shonraigh €1,732,000 ón Roinn Iompair do na scéimeanna seo a leanas in 2014:

Bóthar na Buiríse - €1,500,000

Bhain an cistiú le Céim 4 de Scéim Bhóthar na Buiríse, rud ar athailíníodh an bóthar idir Páirc na Foraoise agus scoileanna na mBráithre Críostaí mar chuid de. Críochnaíodh an scéim in 2014 agus tá an bóthar ar oscailt go hiomlán do thrácht anois.

Leithdháileadh cistiú ar na scéimeanna seo a leanas mar chuid den Chlár Deontais Feabhsúcháin Shonraigh:

Athshlánú Bhéal Átha Darach:
Athshlánú Dhroichead Clonlyon
Athshlánú Dhroichead Chnocán Oilibhéir
Athshlánú Dhroichead Bauteogue

Bearta Feabhais Sábháilteachta ar Bhóithre

Sainaithníodh Bearta Feabhais Sábháilteachta ar Bhóithre ar naoi suíomh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla araon ar fud gach ceantar. Leithdháileadh cistiú €190,000 ar na tionscadail sin ina dhiaidh sin.

Ba é a bhí i gceist leis na scéimeanna thuasluaite feabhsúcháin acomhail, bearta moillithe tráchta, feabhsúcháin soilsithe phoiblí, cosáin, trasrianta coisithe agus soláthar comharthaí.

Ba é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta a chistigh scéimeanna chun Sábháilteacht ar Bhóithre a mhéadú ag seacht láthair ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád. Críochnaíodh na scéimeanna sin in 2014. Mar chuid de na scéimeanna sábháilteachta sin, rinneadh oibreacha orthu seo a leanas:-

- An N77 ar an Tóin Dubh agus The Tiles i Mainistir Laoise;
- An N80 sna Garráin ag Arles; an N78/an N80 Crosaire Simmons Mills;
- An N80 ar an bPáirc, an Sráidbhaile;
- An N80 idir Coolhenry agus Dermoyle, an Ghráig; agus
- An N80 Windy Gap, an Sráidbhaile

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA A CHOTHABHÁIL

Faoi mar a rinne sí i mblianta roimhe, thug Comhairle Chontae Laoise faoi oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa Chontae. Áiríodh iad seo a leanas leis na hoibreacha sin: oibreacha draenála; bearradh ciumhaise; deisiúcháin chosáin; tógáil agus athsholáthar comharthaí; athlíneáil; soláthar stodaí bóthair; glanadh sráideanna agus bailiú bruscair; agus athsholáthar bacainní/fálta sábháilteachta.

Sa bhliain 2014, rinneadh oibreacha Neartaithe agus oibreacha Cóiriú Dromchla ar Bhóithre Réigiúnacha agus Contae ar fud Laoise.

Le linn shéasúr geimhridh na bliana 2013/2014, tugadh faoi oibríochtaí Cothabhála Geimhridh 60 uair ar an líonra cóireáilte i Laois ina bhfuil 400 km, agus thart ar 2,250 tonna de shalann á leathadh le linn na tréimhse.

Sábháilteacht ar Bhóithre:

Oiliúint Sábháilteachta Rothaíochta

Thug dhá chuideachta faoin Oiliúint Rothaíochta

A. Cycletrax/an tOirdheisceart
B. Scoil Sábháilteachta agus Scileanna Rothaíochta

Ghlac 1062 dalta bunscoile ó 18 scoil náisiúnta páirt sa Chár um Oiliúint Rothaíochta Sábháilte.

Ghlac 30 leanbh páirt i gceardlann rothaíochta aon lae, agus í ar siúl le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar. Reáchtáladh an cheardlann sin i gcomhpháirt le Tionscadal Iarscoile Chnoc Maí, leis an nGarda Síochána agus le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise.

An Clár um Thiomáint ar feadh an tSaoil

Tá an Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Feasacht ina ócáid bhliantúil do dhaltaí meánscoile ó Choláiste Fheargail, Ráth Domhnaigh, Scoil Bráithre Críostaí Mhuire, Port Laoise, agus Coláiste Íosagáin, Cúil an tSúdaire.

Cainteanna/Cuairteanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

Thug an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre cuairt ar bhunscoil Oideachas Le Chéile chun labhairt le 330 dalta faoi shaincheisteanna ginearálta sábháilteachta ar bhóithre, faoi na deacrachtaí atá ann faoi láthair maidir le ham fágála agus bailithe laistigh de champas Chnoc an tSamhraidh agus faoi na bóithre agus faoi na cosáin in aice leis an gcampas.

Tugadh caint ar shábháilteacht ar bhóithre ag an Imeacht Sláinte agus Sábháilteachta 'Coinnigh Sábháilte', agus 120 dalta bunscoile ó gach cearn den Chontae i láthair.

Sábháilteacht ar Bhóithre i gComhpháirt le Bratach Thaistil na Scoile Glaise – An Taisce – WOW - Siúl ar Scoil ar an gCéadaoin.

Cigireacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Leanadh ar aghaidh le cigireachtaí láithreáin a dhéanamh ar scoileanna de bhun buarthaí a d'ardaigh príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine den phobal.

Veist Shofheicthe

Soláthraíodh veisteanna sofheicthe, bandaí muinchille, greamáin agus oiriúintí mala scoile do leanaí le linn cuairteanna scoile ar eagraíochtaí éagsúla le linn na bliana, lenar áiríodh Clubanna Rothaíochta, Naíonraí, na Macaoimh agus na Banóglaigh.

Maor Scoile

Ceapadh maor faoisimh scoile chun cumhdach a chur ar fáil i bPort Laoise agus i Móinteach Mílic.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsearach, Seirbhísí Uisce: Michael O'Hora

Cuireadh Uisce Éireann ar bun an 1 Eanáir 2014 faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Ón dáta sin, lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh le seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a chur ar fáil i gcomhar le hUisce Éireann trí Chomhaontú Seirbhíse agus de réir Plean Seirbhíse Bliantúil comhaontaithe. Aistríodh gach conradh uisce agus fuíolluisce poiblí ó Chomhairle Chontae Laoise go hUisce Éireann an 1 Eanáir 2014.

Is tríd an gComhaontú Seirbhíse a chuireann Uisce Éireann cistiú ar fáil chun scéimeanna uisce agus fuíolluisce poiblí a oibriú agus a chothabháil. Bhain an t-aistriú lenár struchtúir sholáthair sheirbhíse a atheagrú agus tá an fhoireann tiomanta don phróiseas athraithe a chur chun feidhme go rathúil agus d'ardleibhéil soláthair sheirbhíse a bhaint amach ag an am céanna. Tugadh córais TF, córais soláthair agus córais tuairiscithe atá nua isteach agus cuireadh oiliúint ar an bhfoireann Seirbhísí Uisce ar chórais nua Uisce Éireann a úsáid. I mí Aibreáin 2014, cuireadh ionad láraithe glaonna ar bun i gCorcaigh chun déileáil le gach ceist a bhaineann le Seirbhísí Uisce, ceisteanna a chuirfear ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig na hÚdaráis Áitiúla chun gur féidir leo aghaidh a thabhairt orthu.

Soláthar Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce Poiblí

Oibriú agus Cothabháil Leanúnach

San am i láthair, soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise thart ar 24,000 méadar ciúbach d'uisce gach lá thar ceann Uisce Éireann, agus í ag soláthar agus ag cothabháil soláthairtí uisce leordhóthanacha (92 láithreán uisce) agus saoráidí cóireála agus fuíolluisce (78 láithreán fuíolluisce) a chomhlíonann an Treoir ón AE maidir le hUisce Óil agus an Treoir ón AE maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh araon.

Agus é cothrom le 45%, tá Uisce gan Tásc i gContae Laoise ag teacht le figiúirí náisiúnta. Cé go mbeifear in ann ligean ón bpríomhlíonra uisce a laghdú trí chonarthaí athshlánúcháin phríomhlíonra uisce a chur ar aghaidh ar roinnt scéimeanna, is féidir gurb é tabhairt isteach an mhéadraithe uisce baile a imreoidh an tionchar is mó ar Uisce gan Tásc.

Cáilíocht an Uisce Óil

Tá feidhmeanna reachtúla ag Uisce Éireann maidir le faireachán a dhéanamh ar sholáthairtí uisce óil poiblí, faoi mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil) 2014. Léirítear sna torthaí ar anailís a rinneadh ar uisce óil in 2014 go raibh ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 100% agus ráta comhlíonta ceimiceáin 99.3% ag Scéimeanna Uisce Poiblí i Laois.

"Five Well", Mainistir Laoise - athchoimisiúnaithe in 2014

Faoi na rialacháin, is é Comhairle Chontae Laoise an tÚdarás Maoirseachta freisin le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha agus Scéimeanna Beaga Soláthair Uisce Phríobháidigh. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do 2014 go raibh rátaí comhlíonta 100% ag Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha ó thaobh critéir mhicribhitheolaíochta agus cheimiceáin de. Bhí ráta comhlíonta ceimiceáin 100% agus ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 92% ag Mionscéimeanna Soláthairtí Uisce Príobháideacha.

An Tionscadal um Méadrú Uisce (Custaiméirí Baile)

Ba iad GMC/Sierra Ltd a shuiteáil méadair uisce thar ceann Uisce Éireann ar fud an chontae in 2014, agus 16,779 méadar uisce baile á suiteáil acu

Scardadh chun Séarach

Is ann do 111 ceann de Cheadúnais Scardaidh Alt 16 arna n-eisiúint faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990, do ghnólachtaí lena gceadaítear dóibh eisilteach trádála a scardadh chun séarach. Déanann an Chomhairle faireachán ar na gnólachtaí sin ar bhonn rialta le linn na bliana.

Ceadúnas Doirte Fuíolluisce ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Déanann Comhairle Chontae Laoise Ionaid Chóireála Fuíolluisce a oibriú thar ceann Uisce Éireann de réir Deimhnithe Údarúcháin nó Ceadúnais Doirte ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi na Rialacháin maidir le Doirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007. Leagtar coinníollacha síos sna ceadúnais agus sna deimhnithe sin chun comhlíonadh caighdeán cáilíochta uisce agus comhlíonadh Treoracha Comhshaoil ón AE a chinntiú. Tá ceadúnais doirte deonaithe do dheich n-ionad go dtí seo. Tá ceithre cheadúnas fós le heisiúint. Tá deimhnithe faighte do chúig ionad cóireála bheaga dhéag sa chontae.

Cosaint an Chomhshaoil

Tá baint ag an bhfoireann um Chosaint an Chomhshaoil le reachtaíocht agus beartas maidir le cáilíocht an uisce abhann agus an screamhuisce, cáilíocht an aeir, agus truailliú torainn a chur chun feidhme, de réir mar a bhaineann siad le Contae Laoise.

Cáilíocht an Uisce

Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh in 2014 ag cur Phlean Bainistíochta Dúiche na hAbhantraí Thoir Theas agus Phlean Bainistíochta Dúiche Abhantrach Idirnáisiúnta na Sionainne 2009 - 2015 chun feidhme. Leanfaidh an plean reatha ar aghaidh go 2017 anois. Tiocfaidh plean athbhreithnithe i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Rinneadh cúig Phlean Bainistíochta Cothaitheach is caoga a bhaineann le leathadh Sloda Camrais sa chontae a chur isteach lena bhfaomhadh in 2014.

Lean an Chomhairle ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar cheadúnais scardaidh chun aibhneacha agus chun screamhuiscí in 2014 faoi Alt 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990. Rinneadh cúig shampla dhéag san iomlán a ghlacadh agus a anailísiú chun a chinntiú go raibh ceadúnais á gcomhlíonadh. Bhí aon cheadúnas déag i bhfeidhm in 2014, agus ceann amháin díobh á chúlghairm ina dhiaidh sin. Is dóigh go dtiocfaidh dhá cheann eile i bhfeidhm in 2015.
Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle cigireacht ar umair sheiptigh de réir an Phlean Náisiúnta Cigireachta 2013-2014 le haghaidh Córais Intíre Chóireála Fuíolluisce ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh aon chigireacht is daichead i gcrích, faoi mar a cheanglaítear leis an bPlean.

D'imscrúdaigh Comhairle Chontae Laoise na gearáin go léir a fuarthas maidir le truailliú uisce. Eisíodh Fógra amháin faoi Alt 12 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990.

Cáilíocht an Aeir

Ní raibh aon Cheadúnais Astaíochtaí Aeir ar bith i bhfeidhm in 2014. Fuarthas dhá ghearán déag maidir le cáilíocht an aeir in 2014 agus imscrúdaíodh iad ina dhiaidh sin. I measc chineál na ngearán sin, bhí fadhbanna le boladh talmhaíochta agus núis deataigh.

Truailliú Torainn

Fuarthas trí ghearán maidir le torann in 2014. Bhí ceann amháin de na gearáin sin de chineál bailí agus, sna cásanna sin, molann an Chomhairle do chomharsana an fhadhb a phlé le chéile agus teacht ar réiteach comhaontaithe. Bhain an dá ghearán eile le gníomhaíochtaí tráchtála.

An Clár Infheistíochta Caipitil Seirbhísí Uisce

Is é Uisce Éireann a chisteoidh gach Tionscadal Caipitil Seirbhísí Uisce ó 2014 i leith. Cuirfear tionscadail atá ar siúl cheana féin i gcrích ach beidh tosú tionscadal nua faoi rogha Uisce Éireann.

Is é cuspóir sáraitheach Thionscadal Caomhantais Uisce Contae Laoise ná uisce a chaomhnú trí shainaithint agus athshlánú a dhéanamh ar na limistéir sin de bhonneagar an phríomhlíonra uisce a chruthaíonn na coigiltí uisce inbhuanaithe is mó. I mí na Nollag 2013, cuireadh tús leis an gcéad chonradh do Chéim 3 le haghaidh athsholáthar/athshlánú na bpríomhlíonraí uisce, agus 13 km de phríomhlíonra uisce á athsholáthar i bPort Laoise, i Móinteach Mílic, i dTigh Mochua, i Log an Churraigh agus i mBaile Átha an Róine. Ba ar David Walsh Civil Engineering Ltd. a bronnadh an conradh aon bhliana dar luach €1,960,444. Cuireadh tús le hoibreacha ag tús na bliana 2014. Tá príomhlíonraí uisce nua críochnaithe i bPort Laoise, Tigh Mochua agus Log an Churraigh. Tá píobán á leagan faoi láthair i Móinteach Mílic agus tá an conradh le críochnú i mí Feabhra 2015.

Rinneadh 'Scéim Séarachais Bhailte Grúpáilte Laoise (Conradh le haghaidh Dearadh, Tógáil agus Oibriú)', conradh dhá bhliain ar fiú €11,439,869 é, a bhronnadh ar chomhfhiontar Response Engineering Ltd / Ward & Burke Ltd i mí an Mheithimh 2013. Is éard atá i gceist sa scéim seo ná ionaid chóireála fuíolluisce nua a thógáil i gcúig bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha). Tá ionaid nua tógtha agus i mbun feidhme anois i gceithre cinn de na bailte. Táthar ag súil go mbeidh an t-ionad ar an Sráidbhaile i mbun feidhme faoi mhí an Mhárta 2015.

Conradh le haghaidh Dearadh, Tógáil agus Oibriú – Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhainistir Laoise

Bronnadh 'Scéim Séarachais Bhailte Grúpáilte Laoise (Conradh Líonra)' ar Ward & Burke Ltd i mí Dheireadh Fómhair 2013. Is fiú €7,359,233 é an conradh dhá bhliain seo agus baineann sé le líonraí séaraigh nua a thógáil i sé bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha, Cluain na Slí). Tá leagan píobán críochnaithe i gceithre cinn de na bailte. Tá oibreacha fós ar siúl i Ráth Domhnaigh agus i nDarú. Tá an conradh foriomlán le críochnú faoi mhí Aibreáin 2015.

Ba i mí an Mhárta 2014 a críochnaíodh Conradh Scéim Feabhsúcháin Soláthar Uisce Phort Laoise/Mhóinteach Mílic - Uimh. 6 RAL', rud a bronnadh ar Ward & Burke Ltd i mí Dheireadh Fómhair 2013. Ba é a bhí i gceist sa chonradh seo ná 3.5 km de phríomhlíonra uisce a thógáil, tobar a fhorbairt ag Cúil Bheannchair, stáisiún treiseora nua ag Doire Gaill agus oibreacha teiliméadrachta lena mbaineann. Mar gheall ar an obair sin, tá feabhas curtha ar shlándáil agus ar cháilíocht an tsoláthair uisce do cheantar Phort Laoise agus Mhóinteach Mílic.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar dhearaí/cáipéisí tairisceana a ullmhú do roinnt tionscadal freisin:-

- Scéim Feabhsúcháin Soláthar Uisce Chúil an tSúdaire Ardchonradh ag gort toibreacha La Bergerie
- Conradh uasghrádaithe oibreacha ionraoin Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire,
- Conradh Líonra Scéim Séarachais Chúil an tSúdaire, Conradh Líonra Scéim Séarachais Mhóinteach Mílic.

An Clár Uisce Tuaithe

Lean Coiste Faireacháin an Chláir Uisce Tuaithe de bheith ag teacht le chéile go ráithiúil in 2014 chun an Clár Uisce Tuaithe a chomhaontú agus chun faireachán a dhéanamh air. Riarann Comhairle Chontae Laoise an clár um oibreacha feabhsúcháin agus uasghrádaithe le haghaidh Grúpscéimeanna reatha agus nua araon. Mar gheall ar chistiú €496,400 a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bhíothas in ann tabhairt faoi oibreacha fairsinge san Earnáil Grúpscéimeanna Uisce in 2014.

Lean Grúpscéim Uisce Bhaile Cholla ar aghaidh lena clár uasghrádaithe líonra, agus 2 km de phríomhlíonra uisce tábhachtach á athsholáthar aici trí chlaondruileáil. Chomh maith leis sin, chuir sí foinse fhorlíontach ar fáil trí shean-tollpholl trialach a athdhruileáil. Thug Grúpscéimeanna Uisce Ghráig na hAbhann, Dhoire na Saortha, Eiréil agus Theach na Bearú faoi uasghráduithe teach caidéil. D'éirigh le Scéimeanna Bhaile Phiocáis, Dhomhnach Mór agus Theach na Bearú uasghráduithe méadair a chríochnú. Shuiteáil Grúpscéim Uisce na Cúlchoille monatóir nua níotráití agus chríochnaigh Grúpscéim Uisce Chrannaí uasghrádú ar hiodraint agus ar chomhlaí. Tugadh córas muirir úsáidbhunaithe isteach mar thoradh ar oibreacha feabhsúcháin líonra a rinneadh ar Ghrúpscéim Uisce Achadh Mhic Airt le déanaí. Cuireadh oibreacha i gcrích ar na scéimeanna nua uisce agus fuíolluisce in Derrymoyle, an Ghráig.

Rinneadh oibreacha ar aon scéim déag ar leith in 2014, lenar áiríodh athsholáthar an phríomhlíonra uisce ar Ghrúpscéimeanna Uisce Pallas Big agus Bhaile Adaim.

Cuireadh cistiú deontais ar fáil do bhearta sonracha cosanta foinse. Is é aidhm na scéime deontais sin cabhrú le grúpscéimeanna uisce an chéad ghné de phlean cosanta foinse a chur i gcrích. Shainaithin Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce cúig ghrúpscéim uisce i Laois. Tá tuarascálacha ar chriosanna foinse á n-ullmhú ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann faoi láthair le haghaidh ghrúpscéimeanna Bhaile Cholla, Theach na Bearú, Dhomhnach Mór, Eiréil agus an Fhraoigh Mhóir.

Cuireadh tús le clár caipitil athsholáthair Laighean Theas (Dearadh, Tógáil agus Oibriú) i mí Mheán Fómhair agus suiteáladh monatóirí nua iarmhair chlóirín i nGrúpscéimeanna Uisce Bhaile Phiocáis agus Dhomhnach Mór.

Chuir gach ceann de na hoibreacha sin leis na haidhmeanna atá ag an gComhairle cabhrú le grúpscéimeanna sa Chontae soláthar uisce ar ardchaighdeán a choinneáil de réir caighdeáin cháilíochta uisce óil ón AE agus costais fuinnimh agus oibriúcháin a laghdú.

Chomh maith leis sin, phróiseáil Clár Uisce Tuaithe na Comhairle fóirdheontais arbh fhiú €571,000 san iomlán iad do Ghrúpscéimeanna Uisce in 2014. Íocadh níos mó ná €50,000 amach i bhfoirm Deontais Tobair in 2014. Déantar gach íocaíocht i leith deontais tobair agus fóirdheontas a aisghabháil ina dhiaidh sin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Leithris Phoiblí

Caitheadh €72,721 san iomlán ar leithris phoiblí a chothabháil agus a choinneáil ar bun i bPort Laoise agus i Maighean Rátha

Déanmhais Chontúirteacha agus Áiteanna Contúirteacha

Faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, tugtar de chumhacht d'Údaráis Áitiúla Fógra a sheirbheáil ar úinéirí réadmhaoine i gcásanna ina bhfuil an Chomhairle den tuairim gur contúirteach atá réadmhaoin nó áit, agus í ag iarraidh orthu beart feabhais a dhéanamh chun an réadmhaoin a dhéanamh sábháilte. Mura gcloítear leis an bhFógra sin, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig na Cúirteanna. I gcásanna éigeandála, tá cumhacht ag an gComhairle réadmhaoine den sórt sin a dhéanamh sábháilte agus costais i leith na hoibre sin a aisghabháil.

Coinníonn an t-údarás áitiúil Clár Áiteanna Contúirteacha/Déanmhas Contúirteach ar bun. Tá 41 comhad ar an gclár i gCo. Laoise ar oscailt faoi láthair.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

E. Uisce - Eanáir go Nollaig 2014

E.1. Uisce gan Tásc mar chéatadán den méid iomlán uisce a soláthraíodh faoi na scéimeanna soláthair uisce a bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach astu.) 44.5%

Ceann Airgeadais Gníomhach: Julie Bergin

Cuntasóir Airgeadais/Bainistíochta: Folamh

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Mótarchánachas, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim (Rátaí, Uisce, Táillí dóiteáin, Ranníocaíochtaí Forbartha), an Muirear i leith Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséad agus Ráiteas Airgeadais Bliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí coimhdeacha uile

Rátaí Tráchtála

Ba é €64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacháil.

Muirir Uisce agus Fuíolluisce

Sa bhliain 2014, bhí 2,949 úsáideoir tráchtála san iomlán, agus méadar ag 2,817 duine díobh sin. Ba é an muirear a gearradh ar uisce méadraithe in 2014 ná €0.96 in aghaidh an 1,000 lítear. I gcás fuíolluisce, gearradh €1.45 in aghaidh an 1,000 lítear. Gearradh muirear seasta ar chustaiméirí eile. Ina theannta sin, gearradh muirear €60 in aghaidh na bliana i leith chíos an mhéadair.

Foráladh leis an Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 d'Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta neamhspleách de chuid Ervia. Tá an tÚdarás Áitiúil ina Ghníomhaire d'Uisce Éireann anois maidir le muirir uisce thráchtála.

Íoc Pras Cuntas

Comhlíonann an Chomhairle téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála).

Líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €250: Ceann ar bith

Nuashonrú ar 'Mo Thuarastal'

Tá an tionscadal de réir sceidil agus de réir buiséid araon san am i láthair. Tá 31 ball foirne lonnaithe san ionad seirbhísí comhroinnte faoi láthair. Críochnaíodh Céimeanna 1 agus 2 de réir sceidil. Mar aon le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Comhairle Chontae Laoise, tá an tionscadal i bhfeidhm sna Comhairlí Contae seo a leanas anois freisin: an Longfort, Ros Comáin, an Iarmhí, Liatroim, Gaillimh, Ceatharlach, Muineachán agus an Cabhán.

Is iad seo a leanas na staitisticí ar an tionscadal suas go deireadh mhí na Nollag:

Luach na nÍocaíochtaí	€69.5m
Líon na nÍocaíochtaí	85,123
Líon na bPághrúpaí a Íocadh	509
Líon na nUaireanta a Rinneadh Íocaíochtaí Párolla	195

Tionóladh cruinniú tosaigh Chéim 3 an 12 Samhain 2014, agus ionadaithe i láthair ó na Comhairlí Contae seo a leanas: Cill Dara, Cill Chainnigh, an Mhí, Lú agus Baile Átha Cliath Theas. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal i bhfeidhm i gCill Dara ag deireadh mhí Eanáir 2015. Tá obair faoi lán seoil chun Comhairle Chontae na Mí a thabhairt ar bord i mí Feabhra 2015.

Tá tús curtha leis an ngné Aoisliúntais den tionscadal agus tá an mapáil próisis "don scéal mar atá" críochnaithe anois. Cuireadh ceardlanna ar siúl i roinnt Údaráis Áitiúla ar na riachtanais mhapála próisis agus sonraí "don scéal mar a bheidh". Tá plean forfheidhmithe á chur le chéile lena fhaomhadh faoi láthair.

Mótarchánachas

Trí Chóras an Chomhaid Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, leanann an Rannóg seo ar aghaidh le freastal ar gach idirbheart mótarchánachais sa Chontae, seirbhís a mbaineann an pobal an-leas aisti thar an gcuntar, tríd an bpost agus ar líne. Tháinig méadú ar líon na n-idirbheart ar líne in 2014 agus tá siad freagrach anois as 43% de na hidirbhearta Mótarchánachais uile. Rinne Oifig Mótarchánachais Laoise 58,526 idirbheart san iomlán sa bhliain 2014.

Rátaí CO2

Is de réir bandaí CO2 nó de réir thoilleadh ciúbach an innill, cibé acu is ísle, a chinntear Mótarcháin d'fheithiclí arna gclárú tar éis an 1 Iúil 2008. Tá cánacha sa raon idir €120 in aghaidh na bliana do na feithiclí is glaise agus €2,350 in aghaidh na bliana do na feithiclí a bhfuil na rátálacha astaíochta is airde acu. Dá mhéad astaíocht CO2 a thagann as an bhfeithicil, is amhlaidh is airde an ráta mótarchánach a ghearrfar ar an bhfeithicil sin.

Ceadúnais Feithicle

Fuarthas €10,456,834 san iomlán i leith ceadúnais feithicle in 2014, i gcomparáid le €11,369,224 in 2013. Eisíodh 46,749 ceadúnas (diosca) feithicle san iomlán in 2014, i gcomparáid le 50,582 ceann in 2013.

Scoir na socruithe reatha, trína bhféadfadh duine a dhearbhú i Stáisiún an Gharda Síochána nach bhfuil feithicil in úsáid ar an mbóthar, de bheith i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2013. Mura bhfuil feithicil le húsáid in áit phoiblí, ní mór dearbhú a dhéanamh sula ndéanfar an fheithicil, agus í fós faoi cháin, a bhaint den bhóthar. Is féidir feithicil a dhearbhú a bheith den bhóthar ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí agus nach mó ná 12 mhí. Próiseáladh 1,967 iarratas SORD sa bhliain 2014.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Tástáil Feithiclí

Ó mhí Mheán Fómhair 2013 i leith, ghlac na hionaid tástála feithiclí tráchtála leis an bhfeidhm a bhaineann le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht a eisiúint i gcomhair feithiclí tráchtála/earraí. Gheobhaidh custaiméirí pasráiteas ag an ngaráiste agus seolfar Deimhniú ar Ródacmhainneacht de stíl nua chucu sa phost. Cuirtear sonraí maidir le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht go huathoibríoch le córas NDVF.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Clárú Feithiclí

Tá an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna ceaptha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun feidhmeanna clárú feithiclí a chomhlíonadh thar a gceann. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís ar 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt.

An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán

Tá feithiclí príobháideacha á dtástáil ó mhí Eanáir 2000 i leith. Tá Ionad Laoise Ionnaithe in Ionad Gnó Lismard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Déantar an chéad tástáil ar fheithicil tar éis 4 bliana agus déantar tástáil uirthi arís gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Is iad carranna seanré an t-aon chineál feithicle atá díolmhaithe ón tástáil.

Táscairí Seirbhíse ag an 31 Nollaig 2014

An céatadán d'idirbhearta mótarchánach:

Ar déileáladh leo thar an gcuntar:

90.71% (50,915 ceann) d'Idirbhearta Mótarchánach Laoise

Ar déileáladh leo tríd an bpost:

9.29% (5,214 ceann) d'Idirbhearta Mótarchánach Laoise

Ar déileáladh leo ar líne:

42.74% (41,903 ceann) B'ionann é sin agus 43% de na hiarratais mhótarchánach uile.

Meánlíon na nUaireanta Oscailte Poiblí in aghaidh na seachtaine 28.60 uair

Líon na nIarratas ar Cheadúnas Feithicle a Fuarthas sa Phost/céatadán de líon iomlán na n-iarratas poist ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	99.42% (5,184)
b)	ar an dara nó ar an tríú lá	0.36% (19)
c)	ar an gceathrú nó ar an gcúigiú lá	-
d)	tar éis cúig lá	0.21% (11)

Bailiú Ioncaim

Iasachtaí Tithíochta	31.12.2013	31.12.2014
a) Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid iomlán a bhí dlite	67%	62%
b) Céatadán de riaráiste:		
(i) Níos lú ná 1 mhí	4.3%	0.65%
(ii) 1 mhí - 2 mhí	1.8%	1.58%
(iii) 2 mhí – 3 mhí	2.1%	1.68%
(iv) níos mó ná 3 mhí	91.8%	96.08%
Cíosanna		
a) Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid iomlán a bhí dlite	94%	95%
b) Céatadán de riaráiste		
(i) Níos lú ná ceithre seachtaine	11.6%	11.5%
(ii) 4 seachtaine - 6 seachtaine	10.6%	11.0%
(iii) 6 seachtaine - 12 sheachtain	16.3%	14.9%
(iv) níos mó ná 12 sheachtain	61.5%	62.6%
Rátaí Tráchtála		
Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid iomlán a bhí dlite	70%	69%
Muirir Uisce Neamhbhaile		
Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid iomlán a bhí dlite	60%	n/b

Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Cuntas Ioncaim **Clárghrúpa**	Ollchaiteachas 2014 €	Ioncam 2014 €	Glanchaiteachas 2014 €
Tithíocht agus Tógáil	10,157,592	11,720,679	(1,060,583)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	13,268,331	9,641,568	4,203,261
Uisce agus Séarachas	5,409,090	5,361,326	6,969,647
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	3,733,463	1,089,753	2,917,261
Cosaint an Chomhshaoil	6,321,192	1,579,064	4,684,593
Áineas agus Taitneamhacht	3,594,583	357,693	2,812,872
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	1,978,961	1,494,882	513,239
Ilghnéitheach	9,127,804	3,855,220	3,536,678
Caiteachas/Ioncam Iomlán	53,591,016	35,100,216	

Glanchostas na gclár a chisteofar ó Rátaí agus ón gCiste Rialtais Áitiúil	18,490,801
Rátaí	12,602,815
Tobhach Pinsin	927,553
An Ciste Rialtais Áitiúil - Deontas Cuspóra Ghinearálta	7,631,324
Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe	2,670,891
Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste	(2,571,150)
Barrachas Iomlán don Bhliain	99,741
An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir 2014	(493,027)
An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig 2014	(393,286)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.2014	(4,388,777)
Deontais	10,694,463
Ioncam Eile	3,481,463
Aistriú chuig Ioncam	2,571,150
Caiteachas	(16,139,268)
Iarmhéid ag 31.12.2014	(3,780,969)

COMHAIRLE BAILE PHORT LAOISE

Bainisteoir: Michael Rainey

Cléireach an Bhaile: Pamela Tynan

Innealtóir an Bhaile: Farhan Nasiem

Cuireadh deireadh le Comhairle Baile Phort Laoise faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Bhí an cruinniú deiridh de chuid Chomhairle Baile Phort Laoise ar siúl Dé Máirt an 13 Bealtaine 2015 i bPort Laoise. Thionóltaí cruinnithe de chuid na Comhairle Baile ar an gcéad Mháirt de gach mí roimh an gcruinniú deiridh.

COMHAIRLE BAILE MHÓINTEACH MÍLIC

Bainisteoir: Ian McCormack

Cléireach an Bhaile: Pamela Tynan

Innealtóir an Bhaile: Dermot Leonard

Cuireadh deireadh le Comhairle Baile Mhóinteach Mílic faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Bhí an cruinniú deiridh de chuid Chomhairle Baile Mhóinteach Mílic ar siúl Déardaoin an 15 Bealtaine 2015. Thionóltaí cruinnithe de chuid Chomhairle Baile Mhóinteach Mílic ar an gcéad Déardaoin de gach mí roimh an gcruinniú deiridh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

An Cumann Sóisialta

Bliain an-rathúil eile a bhí in 2014 don Chumann Sóisialta, rud a bhfuil 251 ball aige faoi láthair. Cuireadh roinnt imeachtaí éagsúla ar siúl in 2014.

Crannchur Míosúil

Déantar crannchur do bhaill den Chumann Sóisialta ar an gcéad Aoine de gach mí.

Fulacht Samhraidh

Reáchtáladh Fulacht in Áras an Chontae an 17 Meitheamh, agus 60 duine i láthair ann.

Oíche Chaidrimh i mí Dheireadh Fómhair

Tionóladh oíche chaidrimh an-taitneamhach i mBeár na Cearnóige Dé hAoine an 3 Deireadh Fómhair.

Aifreann Bliantúil

Cuireadh Aifreann do bhaill agus do bhaill foirne éagtha araon de Chomhairle Chontae Laoise ar siúl i Seomra na Comhairle. Tugadh cuireadh do gach iarbhall foirne agus do gach ball foirne reatha den Chomhairle bheith i láthair. Bhí freastal an-mhaith ann ag an Aifreann agus cuireadh sólaistí ar fáil sa cheaintín ina dhiaidh.

Cóisir na Nollag do Leanaí na mBall

Reáchtáladh Cóisir na Nollag do Leanaí na mBall den Chumann Sóisialta in Óstán O'Loughlin maidin Dé Domhnaigh an 7 Nollaig. D'éirigh go han-gheal léi. Is iad Santa, a lucharachán agus Jecca the Clown a chuir siamsaíocht ar fáil do na leanaí.

Cóisir Bhliantúil na Nollag

Reáchtáladh an chóisir Dé hAoine an 12 Nollag i mbliana in Óstán O'Loughlin. Bhí 85 ball foirne i láthair agus bhain siad an-sult as an oíche.

Imeachtaí Eile

Ba iad seo a leanas roinnt de na himeachtaí eile a bhí ar siúl: Tarraingt Uibheacha Cásca na Samárach, Tarraingt na Mórfhéile Náisiúnta Rásaíochta Capall, Tarraingt agus Tóraíocht Uibheacha Cásca, Pacáistí chuig Zú Bhaile Átha Cliath, an Ghraí Náisiúnta/na Gairdíní Seapánacha agus Páirc Tayto, Ticéid Fhóirdheonaithe don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an Tarraingt Deireadh Bliana

An Cumann Gailf

Bhí Eddie Kelly ina chaptaen ar an gCumann Gailf in 2014 agus cuireadh Duais an Chaptaein ar siúl i Ráth Domhnaigh. Bhí cuid mhór daoine páirteach inti agus bhuaigh Pat Farrell an duais ar an lá. Imríodh Corn Kennedy i mbliana i gcomhar le Trófaí Pang i gCumann Gailf Pháirc Ghabhráin. Is é Larry Dunne a bhuaigh é. Is iad Alec Bland, Declan Power agus Fintan Kealy a bhuaigh Trófaí Pang. Bhuaigh Ken Farrell comórtas ghalfaire na bliana. Beidh Cathal Farrell ar an gCaptaen in 2015.
Bímid ar lorg baill nua i gcónaí – téigh i dteagmháil le Cathal Farrell, Eddie Kelly nó Larry Gittens.

TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ DE GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS LÍON NA gCRUINNITHE DE CHUID GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH LE LINN 2014

Ba ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid Chomhairle Chontae Laoise a tionóladh an 19 Meitheamh 2009 nó ag cruinnithe ina dhiaidh sin a toghadh na comhaltaí seo a leanas chun na gcoistí/na gcomhlachtaí seachtracha atá leagtha amach thíos.

COISTÍ – EANÁIR GO BEALTAINE 2014

COISTÍ

Ainm an Choiste	Comhaltaí Tofa	Líon na gCruinnithe
Coiste Faireacháin an Chláir Uisce Tuaithe	An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir John Bonham An Comhairleoir Tom Mulhall	1
An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir Kathleen O' Brien An Comhairleoir Paul Mitchell An Comhairleoir John King An Comhairleoir Lisa Delaney	2
Coiste Faireacháin Láithreán Líonadh Talún Choillte Laoise	An Comhairleoir Patrick Bracken An Comhairleoir James Daly An Comhairleoir Martin Phelan	1
Coiste Stiúrtha Scoil Cheoil Laoise	An Comhairleoir Mary Sweeney	1
An Coiste Iniúchóireachta	An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir Jerry Lodge	1
An Comhchoiste Póilíneachta	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir Brendan Phelan An Comhairleoir Patrick Bracken An Comhairleoir Ray Cribbin An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir Michael Lalor An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir David Goodwin An Comhairleoir Paul Mitchell An Comhairleoir John King An Comhairleoir James Daly	1
An Coiste Logainmneacha	An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Ray Cribbin An Comhairleoir John Bonham An Comhairleoir Kathleen O' Brien An Comhairleoir David Goodwin	Ceann ar Bith

Bord Draenála na Bearbha	An Comhairleoir David Goodwin An Comhairleoir Lisa Delaney	2
Coiste Draenála na Gaibhle	An Comhairleoir Brendan Phelan	
Ceann ar Bith	An Comhairleoir Martin Phelan An Comhairleoir John King	
Comhbhord Adhlactha Dhún Gair	An Comhairleoir Brendan Phelan An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir Michael Lalor An Comhairleoir John King	1
Comhbhord Adhlactha Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Ray Cribbin An Comhairleoir Patrick Bracken An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir Paul Mitchell An Comhairleoir James Deegan	Ceann ar Bith
An Fóram Oidhreachta	An Comhairleoir Martin Phelan An Comhairleoir John Bonham An Comhairleoir Michael Lalor	1

TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ DE GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS LÍON NA gCRUINNITHE DE CHUID GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH LE LINN 2014

Ba ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid Chomhairle Chontae Laoise a tionóladh an 6 Meitheamh 2014 a toghadh na comhaltaí seo a leanas chun na gcoistí/na gcomhlachtaí seachtracha atá leagtha amach thíos

COISTÍ – MEITHEAMH GO NOLLAIG 2014

COISTÍ

Ainm an Choiste	Comhaltaí Tofa	Líon na gCruinnithe
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir John King	3
An Comhchoiste Póilíneachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir John King An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir David Goodwin An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Noel Tuohy An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley	Ceann ar Bith
An Fóram Oidhreachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir William Aird	3

An Coiste Logainmneacha	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney	Ceann ar Bith
An Coiste Iniúchóireachta	An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir Jerry Lodge	2
Scoil Cheoil Laoise	An Comhairleoir Mary Sweeney	1
An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir John King An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Paddy Bracken	3
Coiste Faireacháin Choillte Laoise	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir William Aird	Ceann ar Bith
Coiste Faireacháin an Chláir Uisce Tuaithe	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Tom Mulhall	2
Bord Draenála na Bearbha	An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir David Goodwin	2
Coiste Draenála na Gaibhle	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir John King	1

COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA (Eanáir go Bealtaine 2014)

Ainm an Choiste	**Comhaltaí Tofa**
An Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach	An Comhairleoir Séamus McDonald An Comhairleoir David Goodwin An Comhairleoir Martin Phelan
Bord Réigiúnach de chuid Fháilte Éireann (An tOirthear agus an Lár Tíre)	An Comhairleoir Martin Phelan
Údarás Réigiúnach an Láir Tíre	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Brendan Phelan An Comhairleoir James Deegan An Comhairleoir Martin Phelan An Comhairleoir James Daly An Comhairleoir John Bonham
An Coiste um Chláir Oibríochtúla AE	An Comhairleoir James Daly An Comhairleoir John Bonham
Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair	An Comhairleoir James Deegan An Comhairleoir James Daly
Laois Arts Theatre Company Ltd	An Comhairleoir Rotimi Adebari An Comhairleoir Kathleen O' Brien An Comhairleoir Mary Sweeney

Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comhairleoir John Bonham
Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae	An Comhairleoir Michael Lalor
Bord Fiontar Contae Laoise	An Comhairleoir Lisa Delaney An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir James Daly An Comhairleoir William Aird
Laois Partnership Company Ltd	An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir Michael Lalor
Laois Transport for Rural Integration Programme	An Comhairleoir Michael Lalor
Comhairle Chomhairleach Phlean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt	An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir John King
Comhairle Chomhairleach Phlean Bainistíochta Abhantraí na Sionainne	An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir Martin Phelan
Grúpa Stiúrtha na Straitéise in aghaidh na Bochtaineachta	An Comhairleoir Rotimi Adebari An Comhairleoir Kathleen O' Brien An Comhairleoir Mary Sweeney
Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Ray Cribbin An Comhairleoir Paul Mitchell An Comhairleoir Tom Mulhall
Ionad Fóillíochta Phort Laoise	An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney
Ionad Fiontar Phort Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney
Ionad Fiontar Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Paul Mitchell An Comhairleoir James Deegan
Gníomhaíocht Fuinnimh an Láir Tíre	An Comhairleoir John Bonham
An Fóram do Dhaoine gan Dídean	An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir Kathleen O' Brien
Bord Forbartha Contae Laoise	An Comhairleoir James Daly An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir Michael Lalor An Comhairleoir Martin Phelan An Comhairleoir John Joe Fennelly
Fóram Sláinte Réigiúnach Bhaile Átha Cliath-Laighean Láir	An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Kathleen O' Brien An Comhairleoir William Aird

Laois Advocacy Against Domestic Abuse Limited An Comhairleoir Mary Sweeney	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Láir Tíre	An Comhairleoir William Aird
LABEL	An Comhairleoir Paul Mitchell
Laois Tourism Co. Ltd	An Comhairleoir John Bonham

COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA (Meitheamh go Nollaig 2014)

Ainm an Choiste	**Comhaltaí Tofa**
Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir David Goodwin
Bord Réigiúnach de chuid Fháilte Éireann (An tOirthear agus an Lár Tíre)	An Comhairleoir Pádraig Fleming
Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir John King An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley
Laois Tourism Company Ltd	An Comhairleoir John Moran
Laois Arts Theatre Company Ltd	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Mary Sweeney
Bord Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae	An Comhairleoir Séamus McDonald
Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Paddy Bracken
Laois Transport for Rural Integration Programme	An Comhairleoir Séamus McDonald
Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Tom Mulhall
Ionad Fóillíochta Phort Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir William Aird
Ionad Fiontar Phort Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney
Ionad Fiontar Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Tom Mulhall
Gníomhaíocht Fuinnimh an Láir Tíre	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Bord Threo Nua Teoranta	An Comhairleoir Mary Sweeney

AGUISÍN I

Fóram Réigiúnach Bhaile Átha Cliath-Laighean Láir	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney
Laois Advocacy Against Domestic Abuse Limited	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Mary Sweeney
Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Láir Tíre	An Comhairleoir Paschal McEvoy
LABEL – Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge

AGUISÍN II

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ IN 2014

Liúntas Míosúil	€ 98,578.10
Liúntas Comhdhála	€ 65,564.63
Liúntas Teileafóin	€ 726.99
Liúntas Ionadaíochta	€ 355,495.21
Liúntas Coistí Beartais Straitéisigh	€ 24,000.00
Liúntas Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach	€ 36,071.70
Cathaoirligh Cheantair Bhardasaigh	€ 9,750.00
Cathaoirleach an Bhoird Forbartha Contae	€ 2,500.00
IOMLÁN	€ 592,686.63

Alt 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 ("Acht 1999")

Sonraí faoi chaiteachas toghcháin a tabhaíodh agus faoi shíntiúis a fuarthas i gcás gach iarrthóra sna Toghcháin Áitiúla in 2014

Ainm an Iarrthóra	Ceantar Bardasach	Caiteachas Toghcháin Comhiomlán	Síntiúis Faighte
Rotimi Adebari	Port Laoise	€2,239.89	Nialas
William Aird	Port Laoise	€ 800.00	Nialas
Sharon Bailey	Port Laoise	€1,317.94	Nialas
Caroline Dwane	Port Laoise	€2,759.90	Nialas
Stanley	Port Laoise		
Osaro Fajimiyo	Port Laoise	€ 615.74	Nialas
John Joe Fennelly	Port Laoise	€1,800.00	Nialas
Catherine Fitzgerald	Port Laoise	€1,580.70	Nialas
Ray Fitzpatrick	Port Laoise	€ 892.00	Nialas
Stephen Greene	Port Laoise	€ 650.00	Nialas
Jerry Lodge	Port Laoise	€1,041.00	Nialas
Joseph McCormack	Port Laoise	€ 385.32	Nialas
Kathleen O'Brien	Port Laoise	€3,650.00	Nialas
Jim Ring	Port Laoise	€1,290.00	Nialas
David Ryan	Port Laoise	€3,675.00	Nialas
Mary Sweeney	Port Laoise	€4,449.00	Nialas
Noel Tuohy	Port Laoise	€4,121.42	Nialas
Paddy Bracken	BOI-Mountmellick	€2,200.00	Nialas
Pat Cooper	BOI-Mountmellick	€6,055.50	Nialas
Bobby Delaney	BOI-Mountmellick	€ 400.00	Nialas
Lisa Delaney	BOI-Mountmellick	€3,098.95	Nialas
Joseph Digan	BOI-Mountmellick	€3,500.00	Nialas
Rhoda Dooley Brogan	BOI-Mountmellick	€2,325.40	Nialas
John Finlay	BOI-Mountmellick	€2,718.00	Nialas
David Goodwin	BOI-Mountmellick	€1,995.80	Nialas
Donal Keenan	BOI-Mountmellick	€ 691.00	Nialas
James Kelly	BOI-Mountmellick	€4,720.00	Nialas
John King	BOI-Mountmellick	€2,800.00	Nialas
Michael Lalor	BOI-Mountmellick	Nialas	Nialas
Séamus McDonald	BOI-Mountmellick	€2,000.00	Nialas
Brendan Phelan	BOI-Mountmellick	€3,300.00	Nialas
Gerard Phelan	BOI-Mountmellick	€ 800.00	Nialas
Michael G. Phelan	BOI-Mountmellick	€8,600.00	Nialas
Ben Brennan	Graigue-Portarlington	€6,500.00	Nialas
Gráinne Corcoran	Graigue-Portarlington	€ 300.00	Nialas
Ray Cribbin	Graigue-Portarlington	€2,240.00	Nialas
James Daly	Graigue-Portarlington	€4,948.40	Nialas
Pádraig Fleming	Graigue-Portarlington	€4,569.28	Nialas
Keith Lennon	Graigue-Portarlington	€3,600.00	Nialas
Paschal McEvoy	Graigue-Portarlington	€4,300.00	Nialas
Richard Miller	Graigue-Portarlington	€2,300.00	Nialas

Ainm an Iarrthóra	Ceantar Bardasach	Caiteachas Toghcháin Comhiomlán	Síntiúis Faighte
John Moran	Graigue-Portarlington	€4,381.80	Nialas
Tom Mulhall	Graigue-Portarlington	€2,600.00	Nialas
Aidan Mullins	Graigue-Portarlington	€2,683.65	Nialas
Willie Murphy	Graigue-Portarlington	€2,590.00	Nialas
Kevin Scully	Graigue-Portarlington	€1,063.50	Nialas

www.laois.ie

R-phost: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Port Laoise	Teil.: (057) 8664000
Cuntais Iníoctha, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664117
An Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664033
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674308
Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664106
An Comhshaol, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674318
Deontais Ardoideachais, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664137
Tithíocht, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664110
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664219
An Láithreán Líonadh Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Teil.: (057) 8620653
Ceanncheathrú Leabharlainne, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664041
An Oifig Mótarchánach, Boc 2, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674385
Pleanáil, Boc 1, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664032
Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664105
Bóithre, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674352
Spórt agus Fóillíocht, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674363
Muirir Uisce, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8664119
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Teil.: (057) 8674355